

Tuarascáil | 2022 Bhliantúil

Tá an tuarascáil seo ar fáil as Bearla freisin.

Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, Bóthar na hOtharlainne, Baile Átha
Cliath 7, D07 FHN8

 +353 1 858 8500

 +353 1 642 7406

 www.dppireland.ie

Clár an ábhair

Réamhrá ...5

Sracfhéachaint ar 2022 ..7

Forbhreathnú ar Obair na hOifige ..8

Ár Misean agus ár gCroíluachanna ..9

Ár Spriocanna Straitéiseacha 2022-2024 ..10

CUID 1: Dul chun cinn ar Spriocanna Straitéiseacha ..11

CUID 2: Achoimre ar Chomhaid a Fuarthas agus ar Thorthaí ..24

CUID 3: Cora Nua i gCúrsaí Dlí 2022 ..55

AGUISÍNÍ.....60

Aguisín 1: Struchtúr na hEagraíochta ...61

Aguisín 2: Próiseas Ionchúisimh Choiriúla in Éirinn ..62

Aguisín 3: Caiteachas Oifige ..63

Aguisín 4: Dualgas um Chomhionannas agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí ..68

Aguisín 5: Tuarascáil Bhliantiúil faoi Éifeachtúlacht Fuinnimh 2022 ..70



“Seirbhís ionchúisimh atá cothrom, neamhspleách agus éifeachtach a sholáthar

Réamhrá

Tá an-áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2022 de chuid Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a chur i láthair. Léiríonn an Tuarascáil méid na gníomhaíochta ar fud na seirbhíse ionchúisimh in 2022. Bhí leibhéal ollmhór gníomhaíochta cúirte taobh thiar dó seo go príomha ar fud gach leibhéal cúirte de réir mar a thugann an córas ceartais choiriúil aghaidh ar na riaráistí de bharr Covid-19 agus líon na gcásanna méadaithe níos ginearálta.

Tá an ghníomhaíocht mhéadaithe le feiceáil is soiléire sa Phríomh-Chúirt Choiriúil, an chúirt a dhéileáilann den chuid is mó le cionta éignithe agus dúnmharaithe. Le trí bliana anuas, tá méadú tagtha ar líon na mbreithiúna sa Phríomh-Chúirt Choiriúil ó cheathrar go dtí naonúr, rud a fhágann go bhfuil méadú suntasach tagtha ar leibhéal na gníomhaíochta sa Chúirt seo. Tá an Phríomh-Chúirt Choiriúil tar éis suí lasmuigh de Bhaile Átha Cliath níos mó agus bíodh go bhfuil dúshlán ag baint leis seo, d'éascaigh m'Oifig go seasta na hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar riaráistí trí ionaid chúirte a úsáid lasmuigh den phríomhchathair.

Tuigeann gach duine a oibríonn sa tseirbhís ionchúisimh go bhfuil an leibhéal gníomhaíochta seo an-dúshlánach, ach tá sé ríthábhachtach go gcomhoibredh an córas dlí choiriúil ina iomláine chun aghaidh a thabhairt ar na moilleanna sa chóras. Is féidir le moilleanna an bonn a bhaint de mhuinín agus d'iontaoibh an phobail agus tionchar a bheith acu go háirithe ar na páirtithe i gcás: íospartaigh, daoine cúisithe agus finnéithe. Sa tseirbhís ionchúisimh feicimid anacair dhomhain na n-íospartach nuair a liostaítear cás le dul ar aghaidh agus ansin cuirtear ar atráth é ag an nóiméad deireanach. Is príomhchuspóir é ag gach duine sa chóras dlí choiriúil a chinntiú go dtéann cásanna ar aghaidh chomh tapa agus is féidir, agus go mbeidh an oiread cinnteachta agus is féidir ag gach duine lena mbaineann faoi cathain a dhéileálfar le cás.

Ba mhaith liom aitheantas agus fáilte a chur roimh chinneadh an Rialtais 44 breitheamh breise a cheapadh le bheith ag obair ar fud gach leibhéal cúirte ag láithreacha ar fud na tíre. Cabhróidh sé seo gan amhras le dul i ngleic le fadhb na moilleanna sa chóras dlí choiriúil. Tá m'Oifig ag tnúth le bheith ag obair lenár gcomhghleacaithe in earnáil an dlí choiriúil chun cur i bhfeidhm mholtaí an Ghrúpa Oibre um Pleanáil Bhreithiúnach a chinntiú. Is é an rud atá an-soiléir le roinnt blianta anuas, áfach, ná gur gá gealltanais



comhionann a bheith ag gabháil le haon infheistíocht i gcuid amháin den chóras dlí choiriúil chun na codanna eile a mhaoiniú. Is léir go mbeidh tionchar ag an méadú ar an acmhainn bhreithiúnach ar fud an chórais agus tá sé ríthábhachtach go dtacófar le gach cuid de – lena n-áirítear an Oifig seo, Aturnaetha Stáit, abhcóidí agus freisin aturnaetha sa phobal cosanta – chun a chinntiú go bhfuil cumas ann buntáistí na gceapachán breithiúnach nua seo a thapú. Leanfaidh an Oifig seo ag measúnú ár riachtanais acmhainní chun freastal ar an leibhéal gníomhaíochta sa chóras ceartais choiriúil ionas gur féidir linn leanúint ar aghaidh ag soláthar an chaighdeán seirbhíse is airde is féidir do mhuintir na hÉireann.

Bíodh go dtugann na sonraí a gabhadh sa Tuarascáil seo léargas ar líon na gcásanna a fuarthas agus ar na torthaí, ní ghabhann sé faisnéis faoi chastacht agus an scála a bhí i gceist le roinnt de na cásanna seo. Mar shampla, tá thart ar chúig mhilliún doiciméad ag roinnt cásanna calaoise a d'fhéadfadh a bheith ábhartha.

Ní léiríonn an fhaisnéis staidrimh sa Tuarascáil seo ach an oiread an teagmháil le híospartaigh, finnéithe agus páirtithe leasmhara eile a tharla i go leor cásanna. I gcásanna os comhair na gCúirteanna Coiriúla Cuarda, Speisialta agus Príomh-chúirteanna, éascaítear íospartaigh le cruinniú réamhthrialach lena chinntiú go bhfuil faisnéis acu faoin bpróiseas. Uaireanta is é


an nuacht is deacra d'íospartach a chloisteáil ná nach bhfuil cás ag dul a ionchúiseamh ar chor ar bith. Lorg an Oifig oiliúint agus aiseolas go réamhghníomhach i rith 2022 ó eagraíochtaí neamhrialtasacha a oibríonn le híospartaigh d'fhonn bonn eolais a chur faoinár rannpháirteachas, lena n-áirítear ár gcúis le litreacha a chabhraíonn le míniú cén fáth ar shocraíomar gan ionchúiseamh a dhéanamh. Fuair an Oifig 592 iarratais den sórt sin i 2022. Ina theannta sin, i ngach cás ina ndéantar cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh, cuirtear íospartach ar an eolas freisin go bhfuil siad i dteideal athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh seo. In 2022 fuair 248 iarratas ar athbhreithniú. Gné lárnach de na seiceálacha agus na cothromaíochtaí inár seirbhís ionchúisimh is ea an chumarsáid seo le híospartaigh agus an t-athbhreithniú a dhéanann dlíodóir sinsearach neamhspleách ar chinntí.

Tá gné idirnáisiúnta i gceist níos mó agus níos mó le hobair m'Oifige. I ndomhan ina bhfuil gréasáin choiriúla domhandaithe ag dul i méid, tá sé rithábachtach gur féidir linn idirchaidreamh éifeachtach a dhéanamh le dlínsí idirnáisiúnta ionas gur féidir linn fianaise a fháil ó thar lear, agus eiseachadadh daoine cúisithe ar ais chuig an tír seo a chumasú nuair is gá. In 2022, dhéileáil m'Oifig le 933 iarratas ag lorg comh-chúnamh dlíthiúil ó thíortha eile, chomh maith le 109 iarratas ar Bharántas Gabhála Eorpach.

In 2022, d'fhoilsíomar ár Ráiteas Straitéise trí bliana 2022 -2024. Sa Straitéis seo rinneamar na spriocanna a mhionshonrú thar cheithre phríomhréimse – Seirbhís, Digiteach, Comhoibriú agus Daoine. Sainithníodh na spriocanna seo tar éis sraith ceardlanna comhairliúcháin foirne, agus tá siad dírithe ar chur le feabhsuithe, ní hamháin sa tseirbhís ionchúisimh ach ar fud an chórais dlí choiriúil. I mbliana, den chéad uair, d'fhéach ár dTuarascáil Bhliantúil le faisnéis a ghabháil faoi na gníomhartha a rinne an Oifig seo chun ár Straitéis a chomhlíonadh. Tá súil agam go dtugann an t-eolas atá in [Cuid 1 den Tuarascáil seo](#) léargas úr ar an leibhéal oibre tacaíochta atá i seirbhís ionchúisimh a chinntiú a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aici chun an leibhéal saineolais is airde is féidir a sholáthar san obair a dhéanaimid. Táim tiomanta d'infheistíocht a dhéanamh inár ndaoine agus tacú lena bhforbairt mar a leagadh béim ar raon tionscnamh in [alt 1.4](#), lena n-áirítear forbairt ghairmiúil leanúnach, forbairt leanúnach ár gcóras comhroinnta eolais, chomh maith le hinfheistíocht i gcláir cheannaireachta agus mheantóireachta. Rinneamar athbhreithniú freisin ar ár gcláir ionductúcháin in 2022 agus neartaíomar ár bpleanáil chomharbais.

Tugtar léargas breise sa Tuarascáil freisin ar an méid comhoibrithe a bhfuil baint ag an Oifig seo leis ar fud an chórais dlí choiriúil. Sonraítear ann an iliomad tionscadal taighde, meithleacha agus tionscadal oiliúna a raibh m'Oifig i gceannas orthu nó a raibh sí rannpháirteach iontu i rith 2022. Mar shampla, d'éascaigh baill foirne ónár nAonad Chionta Gnéasacha agus Rannóg na nUaschúirteanna clár oiliúna ar fud na tíre d'Aonaid Seirbhísí Cosanta Rannáin an Gharda Síochána. Ba é cuspóir an chlár seo comhoibriú leis an nGarda Síochána chun caighdeán na gcomhad imscrúdaithe a cuireadh faoi bhráid ár nOifige a fheabhsú agus chun na próisis is gá a chuíchóiriú chun a chinntiú gur féidir le hionchúisimh dul ar aghaidh go héifeachtúil. Táim ag tnúth le tógáil ar an mbealach comhoibrioch seo chun oibriú lenár bpáirtithe leasmhara ar fud an chórais dlí choiriúil chun tacú le feabhsuithe d'úsáideoirí seirbhíse ar fud an chórais.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom an deis a thapú aitheantas a thabhairt don obair agus don tiomantas ollmhór a dhéantar in ábhar na Tuarascála seo. Cuimsíonn seirbhís ionchúisimh na hÉireann baill foirne in Oifig Bhaile Átha Cliath, Aturnaetha Stáit i 30 ionad timpeall na tíre, agus abhcóidí a ionchúisíonn ar mo shon. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd go léir a bhí páirteach as a gcion i rith 2022 agus ó shin, maidir le seirbhís ionchúisimh chothrom, neamhspleách agus éifeachtach a chur ar fáil thar ceann mhuintir na hÉireann go léir.



Catherine Pierse
An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Deireadh Fómhair 2023

Sracfhéachaint ar 2022



234

Líon iomlán na mball foirne ag deireadh 2022

17,359

Líon iomlán na gcomhad ionchúisimh a fuarthas in 2022



592

Líon na n-iarratas ar chúiseanna le cinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh

77%

Céatadán na gcásanna ar a ndéantar cinneadh laistigh de cheithre seachtaine



€7.3m

Méid a gnóthaíodh ó fháltais choireachta agus a tugadh ar ais chuig cistí poiblí

3,431

Líon iomlán na n-uaireanta d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) curtha i gcrích ag an bhfoireann



60+

Líon na líonraí agus grúpaí oibre náisiúnta/ idirnáisiúnta a nglacann an fhoireann páirt iontu

81%

Céatadán d'iarraitais maidir le hathbhreithniú ar phianbhreith ar fhoras ró-thrócaire



€50m

Costas iomlán an Ionchúiseamh a sholáthar Seirbhís in 2022



Forbhreathnú ar Obair na hOifige

Cad a Dhéanaimid

Bunaíodh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DDP) dlí faoin Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974. Tá an Stiúrthóir, Catherine Pierse, neamhspleách i gcomhlíonadh a feidhmeanna.

Is iad seo na dualgais atá ar an Stiúrthóir:

- an dlí coiriúil a fhorfheidhmiú sna cúirteanna ar son mhuintir na hÉireann;
- ionchúisimh phoiblí a threorú agus a mhaoirsiú ar díotáil sna cúirteanna;
- treoir agus comhairle ghinearálta a thabhairt don Gharda Síochána maidir le cásanna achoimre; agus
- treoir shonrach a thabhairt don Gharda Síochána i gcásanna ina n-iarrtar í.

Is ón nGarda Síochána a fhaigheann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí formhór na gcásanna a ndéileálann an Oifig leo. Déanann gníomhaireachtaí imscrúdúcháin speisialaithe roinnt cásanna a tharchur chuig an Oifig freisin, lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim, ranna Rialtais, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, an tÚdarás Fhorfheidhmiú Corparáideach, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus údarais áitiúla.

Struchtúr na hOifige

Bhí 234 ball foirne ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ag deireadh 2022 – thart ar 65% de thacaíocht dhlíthiúil agus 35% de thacaíocht chorparáideach / riaracháin – ag obair i gceithre rannán den Oifig:

1. An Rannán Stiúrtha – scrúdaíonn sé comhaid imscrúdaithe choiriúil agus cinneann sé, bunaithe ar fhianaise, cibé acu ionchúiseamh a thionscnamh nó gan ionchúiseamh a thionscnamh, nó cibé acu ar chóir nó nár chóir ionchúiseamh a thosaigh an Garda Síochána a choinneáil. Tá dhá shainnionad ann freisin – an

tAonad Chionta Gnéasacha agus an tAonad Speisialta um Choireacht Airgeadais – a thuairiscíonn don Rannán Stiúrtha.

2. Roinn na nAturnaetha – ullmhaíonn agus seolann sí cásanna thar ceann an Stiúrthóra i ngach cúirt a shuíonn i mBaile Átha Cliath lena n-áirítear: Cúirteanna Coiriúla Dúiche agus Cuarda Bhaile Átha Cliath; an Phríomh-Chúirt Choiriúil agus na Cúirteanna Coiriúla Speisialta; an Chúirt Achomhairc; an Ard-Chúirt agus an Chúirt Uachtarach.

3. An Rannán Seirbhísí Tacaíochta Ionchúiseamh – cuimsíonn sé an tAonad Idirchaidrimh Íospartach a chinntíonn go gcomhlíonann an Oifig a hoibleagáidí maidir le tacaíocht agus cosaint d'íospartaigh coireachta; an tAonad Idirnáisiúnta a phléann le réimsí comhoibrithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear eiseachadhadh, Barántais Ghabhála Eorpacha agus iarratais ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach; agus an tAonad Beartais agus Taighde Ionchúisimh a dhéanann taighde dlí, a thacaíonn le forbairt beartais dlí, a bhíonn i dteagmháil le páirtithe leasmhara seachtracha maidir le cúrsaí beartais, agus a chomhordaíonn bainistíocht eolais dár bhfoireann.

4. An Rannán Seirbhísí Corparáideacha – cuireann sé le straitéis fhoriomlán na hOifige trí raon feidhmeanna gnó lena, n-áirítear acmhainní daonna agus forbairt eagrúcháin, airgeadas, TFC, bainistíocht saoráidí, soláthar, cumarsáid, rialachas agus seirbhísí tacaíochta eile do na trí rannán dlí.

Is féidir leat tuilleadh faisnéise a léamh ar obair na gceithre rannán sa rannán 'Ár nEagraíocht' ar ár suíomh gréasáin, www.dppireland.ie. Is féidir teacht ar struchtúr ár n-eagraíochta ag [Aguisín 1](#).

Is féidir leat cur síos níos mionsonraithe ar an gCóras Ionchúisimh in Éirinn a léamh freisin i bhfoilseachán faoin ainm céanna ar ár suíomh gréasáin, www.dppireland.ie. Tá cur síos grafach ar an bpróiseas ionchúisimh choiriúil in Éirinn le fáil ag [Aguisín 2](#).

Ár Misean agus ár Croíluachanna

MISEAN:



Seirbhís ionchúisimh atá cothrom, neamhspleách agus éifeachtach a sholáthar ar son mhuintir uile na hÉireann

CROÍLUACHANNA:



Ionracas

- Gníomhú go hionraic, go cothrom, go comhsheasmhach agus go hoibiachtúil, de réir an Chóid Eitice
- Cinntí córa cearta a dhéanamh bunaithe ar fhianaise
- Eolas cruinn a chur ar fáil



Neamhspleáchas

- Seasamh le neamhspleáchas Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
- Gníomhú go neamhchlaonta gan eagla, gan fabhar, gan chlaonadh ná dochar, de réir na dTreoirínte d'Ionchúisitheoirí agus an Chóid Eitice
- Fanacht gan tionchar ag leasanna aonair nó rannóige nó brú ón bpobal nó ó na meáin, ag féachaint do leas an phobail amháin



Dearscnaitheacht

- Seirbhísí cothroma, neamhspleácha, gairmiúla a sholáthar ag na caighdeáin is airde
- Ár seirbhís a fheabhsú go leanúnach, ag freagairt go réamhghníomhach do riachtanais, dúshlán, deiseanna athraitheacha
- Tionchar a imirt ar fheabhsuithe sa chóras ceartais choiriúil agus iad a mhúnlú



Meas

- Déileáil le gach duine le cothroime, le meas agus le dínit
- Éisteacht le dearcadh na bpáirtithe leasmhara



Comhghleacaíocht

- Luach a chur ar ionchuir gach duine i soláthar na seirbhíse ionchúisimh.
- Caidrimh láidre a thógáil agus oibriú i gcomhar le páirtithe leasmhara, náisiúnta agus idirnáisiúnta
- Ár n-eolas agus ár saineolas a roinnt le daoine eile

Ár Spriocanna Straitéiseacha 2022-2024

Ba í 2022 an chéad bhliain dár Ráiteas Straitéise 2022-2024. Cuireadh bonn eolais faoin Straitéis agus múnlaíodh í trí phróiseas rannpháirteachais leis an bhfoireann agus le raon páirtithe leasmhara, agus cuireann sí creat soiléir comhroinnte ar fáil a leagann amach ár gceithre sprioc ardleibhéil (mar atá leagtha amach thíos) don tréimhse trí bliana, agus conas a bhainfear amach iad.

Tarraingíonn sé ar ár táithí agus ar ár n-eolas ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn sa tseirbhís ionchúisimh agus díríonn sé ar conas is féidir le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ár misean a bhaint amach chun seirbhís ionchúisimh atá cothrom, neamhspleách agus éifeachtach a sholáthar thar ceann mhuintir uile na hÉireann.

Leanamar ar aghaidh i rith na bliana lenár bpróiseas pleanála gnó comhoibritheach - agus an Straitéis seo mar bhonn agus taca aige - chun obair gach ball foirne a nascadh lenár spriocanna agus lenár luachanna straitéiseacha.

Tugann an chuid seo a leanas den Tuarascáil seo achoimre ar an dul chun cinn a rinneadh le linn 2022 maidir lenár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

Tá an Ráiteas Straitéise iomlán 2022 -2024 ar fáil le léamh nó le híoslódáil ar ár suíomh gréasáin, www.dppireland.ie.



SEIRBHÍS

Cuirfidimid seirbhís ionchúisimh choiriúil iontaofa den scoth ar fáil, as a dtiocfaidh:

- Acmhainní cuí chun freastal ar éilimh
- Bainistíocht éifeachtach agus éifeachtúil cásoibre agus ionchúiseamh cásanna
- Feasacht láidir an phobail ar ár nOifig agus ar ár seirbhís
- Tuiscint mhaith ar eispéiris úsáideoirí

DIGITEACH



Infheisteoimid inár gcumas digiteach agus TFC chun éifeachtúlacht, nuálaíocht agus comhtháthú a chur chun cinn, as a dtiocfaidh:

- Comhtháthú na gcóras agus na bpróiseas malartaithe sonraí
- Spleáchas ar pháipéar a laghdú
- Bealaí nua agus níos fearr chun obair agus cinnteoireacht ghnó a dhéanamh



DAOINE

Infheisteoimid inár ndaoine agus tacóimid leo rath a bhaint amach, as a dtiocfaidh:


- Foireann spreagtha, luachmhar agus ghairmiúil
- Cumas ceannaireachta neartaithe ar fud na heagraíochta
- Dea-chleachtas i ndaoine agus i mbainistíocht feidhmíochta
- Eagraíocht thacúil agus choláisteach

COMHOIBRIÚ



Neartóimid comhoibriú agus déanfaimid tionchar a imirt ar athrú chun an córas dlí choiriúil a fheabhsú, as a dtiocfaidh:

- Rannpháirtíocht éifeachtach agus réamhghníomhach leis na páirtithe leasmhara
- Infheictheacht agus tuiscint níos fearr ar ról Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
- Malartú foghlama agus faisnéise níos fearr

The background is a complex digital collage. It features a dark blue and teal color palette with numerous bokeh light effects in shades of orange, yellow, and blue. Overlaid on this are various white and light blue geometric and technical graphics, including circuit-like lines, hexagonal patterns, and data visualization elements like bar charts and line graphs. Three prominent white line-art icons are positioned above the text: a document with a pencil, a lightbulb, and a bar chart with an upward-pointing arrow.

CUID 1: Dul chun cinn ar Spriocanna Straitéiseacha



1.1 Seirbhís

Acmhainní cuí chun freastal ar éilimh

- 1.1.1** I mí Mheán Fómhair 2022 – tar éis aighneacht shubstainteach réamhbhuiseid chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe – cuireadh méadú €6.5m (13.4%) ar fáil don Oifig inár leithdháileadh ollbhuiseid do 2023. Áiríodh leis an maoiniú breise seo méadú €3.5m ar ár mbuisead pá, ag ag tuarastal ar fáil do 41 ball foirne breise a earcófar in 2023, rud a fhágann go bhfuil ár líon údaraithe os cionn 300 duine den chéad uair, agus méadú €2.5m ar ár dtáilí do bhuisead abhcóide chun freagairt do bhrúnna faoi stiúir éilimh a eascraíonn as méadú ginearálta ar leibhéal gníomhaíochta cúirte.
- 1.1.2** Chuir an infheistíocht bhreise seo ar ár gcumas tús a chur lenár líon foirne a threisiú go suntasach, ní hamháin chun déileáil le méid agus castacht mhéadaitheach na hoibre dlí, ach freisin i roinnt príomhréimsí eile, lena n-áirítear seirbhísí corparáideacha, beartas, rialachas agus maoirseacht. Cuireadh tús dáiríre le comórtais earcaíochta go déanach in 2022 agus leanfaidh siad ar aghaidh i rith 2023 go dtí go sroichfear ár líon iomlán foirne (féach tuilleadh faoi seo ag roinn 1.4 Daoine).
- 1.1.3** Chuir an infheistíocht bhreise ar ár gcumas tús a chur le cur i bhfeidhm ár Ráiteas Straitéise 2022-2024 trí infheistíocht a dhéanamh inár ndaoine agus inár gcumas digiteach agus TFC, comhoibriú a neartú, agus cur le feabhsuithe ar fud an chórais ceartais choiriúil.
- 1.1.4** Tá sonraí iomlána faoi chaiteachas na hOifige do 2022 le fáil ag [Aguisín 3](#).

Bainistíocht éifeachtach agus éifeachtúil cásoibre agus ionchúiseamh cásanna

- 1.1.5** I rith 2022, fuair Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí 17,359 gcomhad san iomlán. Díobh seo, bhain 11,330 (a raibh 14,126 amhrastach ann) le cionta tromchúiseacha a éilíonn cinneadh ó dhlíodóirí inár Rannán Stiúrtha i dtaobh an dtionscnófar ionchúiseamh nó an leanfar leis.
- 1.1.6** As líon na n-amhrastach a bhí ina n-ábhar sna comhaid a fuarthas, díríodh ionchúiseamh i 65% de na cásanna - 32% ionchúiseamh ar díotáil agus 33% triail achomair.
- 1.1.7** Bíonn an t-am a thógann sé cinneadh ionchúisimh a ghlacadh ag brath ar mhéid agus ar chastacht na gcomhad atá i gceist. Chomh

maith leis sin, i gcásanna áirithe beidh gá le breis faisnéise nó imscrúdaithe sula bhféadfar cinneadh a dhéanamh. Mar sin féin, i gcomhréir le blianta roimhe seo, déileáladh le thart ar 75% de na cásanna a éilíonn cinneadh a dhéanamh i 2022 laistigh de thréimhse ceithre seachtaine.

- 1.1.8** Tá sé de cheart ag íospartaigh na coireachta achoimre a iarraidh ar an gcúis atá le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh, agus athbhreithniú ar an gcinneadh sin, faoi réir an Achta um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta) 2017. In 2022, fuair 592 iarratas ar chúiseanna agus 248 iarratas ar athbhreithnithe ar chinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh. As na 248 iarratas ar athbhreithniú, cuireadh an cinneadh ar ceal i naoi gcás.
- 1.1.9** Mar thoradh ar an méadú ar líon na mbreithiúna sa Phríomh-Chúirt Choiriúil ó cheithre go naoi le trí bliana anuas tá méadú suntasach tagtha ar leibhéal na gníomhaíochta sa Chúirt seo. Lean an staid seo ar aghaidh in 2022, agus i rith na tréimhse sin thacaigh ár nOifig le 1,525 lá trialach san iomlán atá liostaithe sa Phríomh-Chúirt Choiriúil. Réitíodh 190 triail san iomlán i rith an ama seo. Tháinig méadú freisin ar líon na gcásanna a aistríodh go hionaid lasmuigh de Bhaile Átha Cliath i rith 2022, agus shuigh an Phríomh-Chúirt Choiriúil ar feadh 362 lá lasmuigh den phríomhchathair le linn na tréimhse sin.
- 1.1.10** Rinneadh 37 iarratas chun na Cúirte ar athbhreithniú pianbhreithe mar gheall ar thrócaire mhíchuí a éisteadh in 2022. Astu sin, d'éirigh leis an Stiúrthóir i 30 cás (81%).
- 1.1.11** Tá forálacha tábhachtacha ar fáil san Acht um Cheartas Coiriúil 1994 le calcadh nó urghabháil a dhéanamh ar fháltais na coiriúlachta. Tionscnaíonn Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a leithéid seo iarratas agus cuireann comhairle agus tacaíocht ar fáil do chleachtóirí ionchúisimh maidir le hiarratais choigistithe agus fhorghéillte. Le linn 2022, dheonaigh na Cúirteanna 138 Ordú Coigistíochta agus Forghéillte, ar luach iomlán €7,289,056.
- 1.1.12** Ag [Cuid 2](#), gheobhaidh tú staitisticí mionsonraithe a bhaineann le:
- Gach comhad a fuair an Oifig in 2022;
 - Torthaí na gcásanna arna n-ionchúiseamh díotáil;

- larratais chun na Cúirte (achomhairc agus coigistiú agus forghéilleadh sócmhainní coiriúla);
- Barántais Ghabhála Eorpacha agus Eiseachadadh;
- Cúnamh Dlí Frithpháirteach;
- larratais ó íospartaigh na coireachta.

1.1.13 Tugann [Cuid 3](#) breac-chuntas ar roinnt de na cinntí cúirte le 2022 atá tábhachtach nó suimiúil nó a bhfuil fasach luachmhar acu maidir le hobair ionchúisimh.

Taithí ár n-úsáideoirí seirbhíse a thuiscint

1.1.14 In 2022, ghlac baill foirne ónár nAonad Idirchaidrimh d'Íospartaigh (VLU) páirt i bpróiseas aiseolais le ceithre ghrúpa sochaí sibhialta maidir le litreacha a seoladh chuig íospartaigh na coireachta ag cuir cúiseanna ar fáil le cinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh agus toradh athbhreithnithe ar chinntí. Thug an fhoireann VLU faoi oiliúint 'Gnáth-Bhéarla' freisin maidir lenár gcomhfhreagras le híospartaigh. Rinneadh foghlaim de bhun an phróisis seo a chuimsiú i gcur chuige an aonaid maidir le comhfhreagras a dhéanamh le híospartaigh. Bhí aiseolas ó ghrúpaí eagraíochtaí neamhrialtasacha faoi athruithe ar ár litreacha dearfach.

1.1.15 Chomh maith leis sin, bhí an VLU i gceannas ar thionscadal píolótach foghlama agus forbartha tras-oifige (L&D) maidir le híospartaigh leochaileacha agus finnétithe leochaileacha, rud a chuideoidh le haghaidh a thabhairt ar cheann de na moltaí faoi Phlean Forfheidhmithe Uí Mháille. Bunaíodh grúpa chun comhoibriú le heagraíochtaí íospartach san earnáil neamhbhrabúis a bhfuil plé díreach acu le híospartaigh, chun críche cúrsa oiliúna a chomhdhearadh i ndáil le híospartaigh leochaileacha – go sonrach íospartaigh leanaí, íospartaigh fásta a d'fhulaing mí-úsáid ghnéasach leanaí, agus íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh. Bhí baill foirne ón VLU, ón Aonad Chionta Gnéasacha, ón Aonad um Beartas agus Taighde Ionchúisimh, agus ón Aonad HR-OD sa ghrúpa seo. D'éascaigh na heagraíochtaí earnála neamhbhrabúis na ceardlanna i mí Aibreáin agus i mí na Bealtaine 2022. Tar éis meastóireacht a dhéanamh ar an scéim píolótach, cuirfear na ceardlanna i bhfeidhm ar fud na hOifige mar chuid dár sraith clár T&F. Déanfaimid iniúchadh freisin ar dheiseanna comhchosúla le heagraíochtaí eile san earnáil neamhbhrabúis.

1.1.16 Thug an tionscadal seo an deis caidrimh a chothú leis na páirtithe leasmhara seachtracha seo agus tá tuilleadh rannpháirteachais comhthairbheach mar thoradh air. Chuir sé feabhas freisin ar fheasacht ar ról agus ar obair an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí laistigh de na heagraíochtaí seo ar mhaithe le híospartaigh.

Feasacht an Phobail ar ár nOifig

1.1.17 Chomhoibrigh an VLU le hIonad Géarchéime um Éigniú Bhaile Átha Cliath chun treoir faisnéise ar líne a fhorbairt, '[Do Bhealach a Dhéanamh tar éis Foréigin Ghnéis](#)', a seoladh ina dhiaidh sin i mí Aibreáin 2023. I gcomhairle le haonaid eile san Oifig – chabhraigh an tAonad Cumarsáide, an tAonad um Beartas Ionchúisimh agus Taighde, agus an tAonad Chionta Gnéasacha – leis an VLU ábhar a fhorbairt faoi ról an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, agus chabhraigh sé le 'teistiméireacht' fuaime a chruthú ag míniú conas a dhéanann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí cinntí i gcásanna cionta gnéasacha. Cuireann an acmhainn seo, d'Íospartaigh na coireachta gnéasacha go príomha, faisnéis ar líne ar fáil faoi thuras íospartaigh tríd an gcóras dlí choiriúil, ó thuairisciú go dtí triail agus ina dhiaidh sin, trí mheascán meán, lena n-áirítear físeán.

1.1.18 Tríd an eolas atá againn a roinnt ar an mbealach seo, go háirithe i bhformáid fuaime, is féidir rochtain níos fearr a fháil ar fhaisnéis d'Íospartaigh. Cuireann an acmhainn, ó seoladh í, feabhas freisin ar infheictheacht agus ar thuiscint ról an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i measc an phobail i gcoitinne, ach go háirithe i measc íospartaigh an-leochaileacha.

1.1.19 I rith 2022, chomhoibrigh baill foirne ó Rannóg an VLU agus na nUaschúrteanna le Support After Homicide – grúpa a sholáthraíonn, i measc rudaí eile, abhcóideacht agus tacaíocht chúirte do theaghlaigh íospartaigh an dúnmharaithe – chun oiliúint a sholáthar a bhaineann le ról an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, lenár bpróisis chinnteoireachta agus lenár nósanna imeachta maidir le triail choiriúil.

Rannpháirteachas Réamhghníomhach le hAturnaetha Stáit, le hAbhcóidí agus leis an nGarda Síochána

1.1.20 Aithníonn Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí go gcinntíonn soláthar oiliúna d'Aturnaetha Stáit, d'Abhcóidí agus don Gharda Síochána dea-chleachtas in ionchúiseamh cionta coiriúla.

1.1.21 I rith 2022, d'éascaigh baill foirne ónár nAonad Chionta Gnéasacha agus Rannóg na nUaschúirteanna clár oiliúna ar fud na tíre d'Aonaid Seirbhísí Cosanta Rannáin an Gharda Síochána (DPSUnna). Ba é an chuspóir a bhí ag an oiliúint seo ná comhoibriú a dhéanamh leis an nGarda Síochána caighdeán na gcomhad imscrúdaithe a cuireadh faoi bhráid ár nOifige a fheabhsú agus chun na próisis is gá a shruthlíníú chun a chinntiú gur féidir le hionchúisimh dul ar aghaidh go héifeachtúil, le béim ar leith ar nochtadh agus ar dhoiciméadú bearta speisialta a ullmhú go luath.

1.1.22 Bhí na seisiúin seo thar a bheith luachmhar ó thaobh cothú caidrimh leis na Gardaí imscrúdaithe sna DPSUanna agus lena n-oifigigh shinsearacha a d'fhreastail ar an oiliúint i ngach réigiún. Tacóidh na caidrimh oibre agus na pointí teagmhála seo le hobair an Aonaid Chionta Gnéasacha agus na DPSUanna araon amach anseo.

1.1.23 Chuimsigh seisiúin oiliúna eile a d'éascaigh an Oifig seo in 2022 raon topaicí, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Comhad a ullmhú go héifeachtach;
- Nós imeachta coiriúil agus cur i láthair cúirte;
- Bannaí, athbheithniú breithiúnach agus achomhairc;
- Cearta íospartaigh na coireachta agus bearta speisialta d'íospartaigh agus finnéithe;
- Ionchúisimh fhoréigean baile;
- Bannaí Ard-chúirte;
- Abhcóideacht;
- Ionchúisimh maidir le tiomáint faoi thionchar an óil;
- Cionta an Achta um Mí-Úsáid Drugaí a ionchúiseamh.

1.1.24 Reáchtáladh ár Seimineár Bliantúil Aturnaetha Stáit ar an 26 Márta 2022, ag díriú arís ar réimse ábhar a bhaineann go háirithe leis na hAturnaetha Stáit ar fud na tíre a ghníomhaíonn thar ceann an Stiúrthóra i gcúirteanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

1.1.25 Ar an 19 Samhain 2022, d'óstáil muid ár 23^ú Comhdháil Bhliantúil Náisiúnta na nIonchúisitheoirí san Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath. Ba dheis mhaith í an chomhdháil seo, an chéad cheann a d'óstáil an Stiúrthóir reatha, Catherine Pierse, do pháirtithe leasmhara ó gach cuid de chóras Dlí Choiriúil na hÉireann

teacht le chéile arís agus peirspictíochtaí agus saineolas a mhalartú. D'fhreastail os cionn 300 toscaire ar an ócáid seo ina raibh na cuir i láthair seo a leanas:

- *Hard Data: Disclosure in the 21st Century* curtha i láthair ag James B. Dwyer SC, Leabharlann an Dlí;
- *Airgeadraí Fiorúla: An Introduction for Criminal Practitioners*, curtha i láthair ag an mBleachtaire Garda Alan Carbery, Oifigeach an Bhiúró, an Biúró um Shócmhainní Coiriúla;
- *Cross-Examination in Criminal Trials: Towards a Revolution in Best Practice?* curtha i láthair ag an Ollamh John Jackson, University of Nottingham;
- *Stress, Resilience and Optimism: What the Science Tells Us* curtha i láthair ag an Ollamh Ciarán O'Boyle, Lárionad Síceolaíochta agus Sláinte Dearfach Choláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn.

1.1.26 Lean an Fhoireann Bainistíochta Eolais inár nAonad um Bheartais agus Taighde Ionchúisimh ar aghaidh ag foilsiú agus ag dáileadh a feacháin nuashonraithe dhlíthiúil mhíosúil agus a gcruinnithe achoimre breithiúnais ar bhail foirne, Aturnaetha Stáit agus Abhcóidí.

1.1.27 Chuir an tAonad um Ionchúiseamh lascaigh Mhara sa Rannán Stiúrtha oiliúint agus treoir ar fáil i mí na Nollag 2022 do na hAturnaetha Stáit cósta maidir le nósanna imeachta atá le cur i bhfeidhm ar Orduithe Coinneála 48-Uair.

Tacaíocht agus oiliúint a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí imscrúdaitheacha a chuireann comhaid faoi bhráid Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

1.1.28 Cuireadh treoir i scríbhinn agus doiciméid chreata ar fáil don Údarás um Shábháilteacht Bia agus don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) maidir le roinnt saincheistanna dlíthiúla.

1.1.29 Chuir oifigeach idirchaidrimh an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí tacaíocht agus cúnamh ar fáil ar bhonn rialta don GCC, don Choiste Stiúrtha Náisiúnta um Fhorfheidhmiú Dramhaíola.

1.1.30 Leanadh de thacaíocht a chur ar fáil ar iarratas do na Coimisinéirí Ioncaim i rith na bliana, lena n-áirítear comhairliúcháin maidir le leasuithe reachtacha ábhartha.

Athbhreithniú a dhéanamh gan stad ar ár gcreat rialachais, cuntasachta agus bainistíochta riosca

Creat Rialachais Chorporáidigh

- 1.1.31** I mí na Bealtaine 2022, d'athbhreithníomar agus d'fhoilsíomar an dara heagrán dár gCreat Rialachais Chorporáidigh. Tugann an doiciméad seo forbhreathnú ar struchtúr ár nOifige; ról bhainistíochta agus sannadh freagrachta; an Bord Bainistíochta agus struchtúir rialachais eile; agus na socrúithe iniúchta agus comhlíonta a bhfuilimid faoina réir. Déanfar síorathbhreithniú ar an gCreat - atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin, www.dppireland.ie - agus déanfar é a nuashonrú dá réir ó am go ham.

Bainistíocht Riosca

- 1.1.32** Chríochnaigh foghrúpa dár mBord Bainistíochta athbhreithniú cuimsitheach ar Chlár Bainistíochta Riosca agus Riosca na hOifige go luath in 2022. Chomhaontaigh agus ghlac an Bord Bainistíochta leis an gClár Riosca athbhreithnithe agus moltaí an fhoghrúpa i mí na Bealtaine 2022.

Coiste Iniúchta agus Iniúchadh Inmheánach

- 1.1.33** Tá Coiste Iniúcháireachta i bhfeidhm ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a bhfuil a chlár oibre á threorú ag na hoibleagáidí atá leagtha síos sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016. Cuireann an Coiste Iniúcháireachta comhairle agus dearbhú neamhspleách ar fáil don Oifig Cuntasaíochta (Leas-Stiúrthóir) maidir le hoiriúnacht agus téagar chórais agus nósanna imeachta rialaithe inmheánaigh na hOifige. Tháinig an Coiste Iniúcháireachta le chéile ceithre huairé i rith 2022.
- 1.1.34** Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag an Oifig freisin a thuairiscíonn don Choiste Iniúcháireachta. Cuireadh trí thuarascáil iniúcháireachta inmheánaí faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta i rith 2022:
- i) Saincheistanna Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais
 - ii) Plean Gníomhaíochta iarchúram;
 - iii) Seirbhísí Abhcóide a Sholáthar.

Bord Rialachais TFC

- 1.1.35** Tá Bord Rialachais TFC i bhfeidhm ag an Oifig. Is é príomhról an Bhoird Rialachais TFC feidhmiú mar bhord maoirseachta ardleibhéil chun monatóireacht a dhéanamh ar

phríomhriachtanais TFC na hOifige faoi láthair agus amach anseo agus chun a chinntiú go bhfreastalaítear orthu.

- 1.1.36** Agus a ról á chomhlíonadh aige, chomhaontaigh an Bord clár oibre bliantúil agus ilbhliantúil don Aonad TFC in 2022, ag féachaint do thosaíochtaí a comhaontaíodh leis an Stiúrthóir agus leis an Leas - Stiúrthóir. Tháinig an Bord Rialachais TFC le chéile trí huairé i rith 2022.

Saoráil um Faisnéis

- 1.1.37** Leanann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ag comhlíonadh a cuid oibleagáidí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (SF) 2014. Bíodh go ndearbhaíonn an tAcht ceart an phobail rochtain a fháil ar fhaisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí, lena n-áirítear an Oifig seo, déantar foráil ann freisin maidir le srianta áirithe, agus áirítear iad sin faoi alt 42. Foráiltear le halt 42(f) den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 nach bhfuil feidhm ag an Acht maidir le haon taifead atá i seilbh nó cruthaithe ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nó ag a hOifig, seachas taifead a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil rochtain ar thaifid a bhaineann le comhaid chásanna coiriúla faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.
- 1.1.38** In 2022, fuaireamar 35 iarratas um Shaoráil Faisnéise. Astu seo, deonaíodh seisear, cuid-deonaíodh 10, diúltaíodh 18 agus tarraingíodh siar/láimhseáladh duine amháin lasmuigh den reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise. Ba é an phríomhchúis le diúltú nár bhain na taifid a bhí á lorg le riarachán ginearálta na hOifige.
- 1.1.39** Ba é an phríomhchúis a bhí leis na diúltuithe nár bhain na taifid a bhí á lorg le riarachán ginearálta na hOifige.

Eitic, Caighdeán agus Iompar

- 1.1.40** Cuireann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí forálacha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995-2001 i bhfeidhm. In 2022, cuireadh gach ball foirne a raibh fostaithe atá faoi réir cheanglais an Achta in iúl go foirmiúil faoina n-oibleagáidí maidir leis an méid chéanna. Ina theannta sin, leagtar amach inár gCód Eitice na caighdeán iompair agus cleachtais a bhfuiltear ag súil leo ó ionchúisitheoirí atá ag obair don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nó thar a cheann.

Nochtadh faoi Chosaint

1.1.41 Mar chomhlacht poiblí, ceanglaítear ar Oifig an Stiúrthóra lonchúiseamh Poiblí faoi alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 tuarascáil a fhoilsiú gach bliain a bhaineann le líon na nochtai cosanta a rinneadh sa bhliain roimhe sin, lena n-áirítear faisnéis maidir le haon ghníomhartha a rinneadh mar fhreagairt ar nochtadh cosanta a rinneadh. Ní bhfuair Oifig an Stiúrthóra lonchúiseamh Poiblí aon nochtadh cosanta sa bhliain 1 Eanáir 2022 go 31 Nollaig 2022.

Acht na dTeangacha Oifigiúla

1.1.42 Chinntigh Oifig an Stiúrthóra lonchúiseamh Poiblí gur seachadadh gealltanais a rinneadh maidir le soláthar seirbhísí i nGaeilge, agus na forálacha nua a tugadh isteach faoi alt 10A d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2021 (Leasú) á gcur i bhfeidhm ag an am céanna.

1.1.43 I rith 2022, dhéileáil beirt bhall foirne ónár bpainéal de chainteoirí Gaeilge le dhá chás cúirte ar leith i nGaeilge.

1.1.44 Cuirtear gach foilseachán a chuireann an Oifig le chéile ar fáil i nGaeilge. Déantar suíomh gréasáin na hOifige, www.dppireland.ie, a choimeád agus a nuashonrú fosta i bhformáid dháttheangach. Déanann aistritheoirí seachtracha nuashonruithe ar an leagan Gaeilge den suíomh gréasáin a aistriú. Foilsítear na hathruithe ansin ag an am céanna ar na leaganacha Gaeilge agus Béarla den suíomh gréasáin.

1.1.45 Leanann ár nAonad Foghlama agus Forbartha le cúrsaí oiliúna Gaeilge a chur chun cinn lena chinntiú gur féidir leis an Oifig a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. I rith 2022, thug beirt bhall foirne faoi chúrsaí Gaeilge ar leith.

Cúitimh Charbóin

1.1.46 Leanann Oifig an Stiúrthóra lonchúiseamh Poiblí na nósanna imeachta agus an mhodheolaíocht éigeantach a leagtar amach i gCiorclán 01/2020 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Leagtar amach sa Chiorclán seo, le héifeacht ón 1 Eanáir 2020, go gceanglaítear ar gach roinn, oifig agus gníomhaireacht rialtais astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le haerthaisteal oifigiúil a dhéantar laistigh de bhliain féilire a thaifeadadh, a mhonatóiriú agus a luacháil, agus íocaíocht chomhfhreagrach a dhéanamh leis an gCiste Gníomhaithe ar son na hAeráide, bunaithe ar an ráta cánach carbóin atá i réim (€41.00 an tona in 2022). Taispeántar líon na n-eitiltí, iomlán an charbóin agus an cúiteamh carbóin dá bharr dár nOifig do 2022 sa tábla thíos.

Líon na nEitiltí	36 Turas Fillte
Tonaí de CO ₂	11.67
Íocaíocht leis an gCiste Gníomhaithe ar son na	€478.48



1.2 Digiteach

Leas a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus as bealaí oibre a dtacaíonn an teicneolaíocht leo

1.2.1 Leanann an Oifig uirthi ag plé le páirtithe leasmhara ar fud na hearnála dlí choiriúil chun éifeachtúlacht agus slándáil faisnéise a fheabhsú trí phróisis agus nósanna imeachta coiriúla a dhigitiú níos mó agus níos mó.

1.2.2 Déantar gach Leabhar Fianaise (BOEanna) a tháirgeadh go leictreonach anois i bhfoirm r-BOEanna.

1.2.3 Chuamar i dteagmháil go forleathan le páirtithe leasmhara seachtracha, lena n-áirítear aturnaetha cosanta, le linn 2022 chun úsáid ár gcóras slán aistrithe comhad a mhéadú chun críocha nochtai. Tar éis oiliúint agus treoir a sholáthar, déantar gach nochtadh a sheachadadh anois trí aistriú slán comhaid.

1.2.4 Forbraíodh córas agus prótacal nua chun agóidí an Gharda Síochána a bhaineann le cásanna bannaí na hArd-Chúirte a chur faoi bhráid na hOifige seo go leictreonach, agus chun iad a nochtadh don Chosaint. Chumasaigh sé seo liosta Bannaí na hArd-Chúirte a reáchtáil ar bhealach níos éifeachtúla.

1.2.5 Bíodh go ndéantar an chuid is mó dár gcumarsáid le híospartaigh na coireachta tríd an bpost, thosaigh ár nAonad Idirchaidrimh Íospartach ag soláthar litreacha go leictreonach trínár gcóras slán aistrithe comhad i gcásanna cuí agus ar iarratas. Tá cumarsáid leictreonach tríd an modh seo níos sláine ó thaobh cosanta sonraí de, agus tá sé níos áisiúla d'íospartaigh freisin.

1.2.6 Lean go leor rannóg san Oifig - an tAonad Idirnáisiúnta, an Rannóg Achomhairc, an tAonad Cumarsáide agus an tAonad Acmhainní

Daonna agus OD ina measc - ar aghaidh leis an aistriú i dtreo bealaí oibre gan pháipéar nó 'éadromh ó thaobh páipéir de'. Cumasaíodh é seo trí chur chun cinn réamhghníomhach ardáin leictreonacha éagsúla a úsáid chun doiciméid a shábháil agus a roinnt.

- 1.2.7** Cuireadh uirlis bogearraí nua ríomhfhionnachtana in úsáid san Aonad Speisialta um Choireacht Airgeadais. Chabhraigh sé seo le cás-aturnaetha toirteanna móra d'fhianaise leictreonach a thagann ó fhreastalaithe agus ó ríomhairí pearsanta a chuardach agus a bhainistiú ar bhealach níos fearr. Baineadh sábhálacha suntasach amach maidir le ham athbhreithnithe cásanna.

Leanúint ar aghaidh ag cinntiú go bhfuil ár mbonneagar sonraí agus sonraí slán go hiomlán

- 1.2.8** Chuir an Oifig ár bhfreagairt ar Chaighdeán Bhunlíne Chibearshlándáil na hEarnála Poiblí agus ár gcomhlíonadh leo chun cinn le linn 2022.
- 1.2.9** Nuashonraíodh ár bPolasaí Úsáide TFC i mí Mheán Fómhair 2022. Is é príomhchuspóir an bheartais seo, i measc rudaí eile, a chinntiú go ndéantar ár gcrua-earraí ríomhaireachta, bogearraí, córais chumarsáide, comhpháirteanna líonra agus sonraí leictreonacha a chosaint go leordhóthanach ar raon bagairtí, agus rúndacht, sláine agus infhaighteacht faisnéise a chosaint. Cuireadh a ndualgais faoin bpolasaí in iúl do gach ball foirne.

Feabhas a chur ar TFC agus ar fheasacht, eolas agus foghlaim dhigiteach ar fud sheirbhís an ionchúisimh

- 1.2.10** Cuireadh Tairseach TFC i bhfeidhm go céimneach don fhoireann, ag tairiscint 'ionad ilfhreastail' chun rochtain a fháil ar dhoiciméadú agus ar acmhainní TFC. Forbairt inmheánach TFC a bhí anseo.

Comhroinnt sonraí agus malartú leictreonach comhad a leathnú le príomhpháirtithe leasmhara

- 1.2.11** I rith 2022, nascadh Aturnaetha Stáit lenár gCóras Bainistithe Cáis (CMS) agus le hacmhainní líonra TFC eile. Úsáideann gach Atur na Stáit an Córas Bainistithe Cáis de chuid Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí anois chun cásanna coiriúla a stóráil agus a bhainistiú go leictreonach. Ba thogra shuntasach í seo ó bhaill foirne mheánach TFC a raibh cianrochtain shlán agus forbairt saincheaptha ar an CMS i gceist leo chun freastal ar ról atur na stáit. Ba fhorbairt dhearfach í don Oifig seo maidir le cosaint sonraí agus bainistíocht na Seirbhíse Aturnaetha Stáit a chur chun cinn.
- 1.2.12** Cuireadh córas i bhfeidhm in 2022 chun ríomhphoist a mhalartú go slán idir ár ngréasáin Oifige agus Eurojust sa Háig. Is é Eurojust Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil.



1.3 Comhoibriú

Dul i dteagmháil lenár bpríomhpháirtithe leasmhara agus le príomh-rannpháirtithe eile i seachadadh na seirbhíse ionchúisimh

- 1.3.1** Mar atá leagtha amach inár [Ráiteas Straitéise 2022-2024](#), is príomhchuspóir d'obair na hOifige comhoibriú le páirtithe leasmhara eile i gcóras ceartais choiriúil na hÉireann agus idirnáisiúnta ábhartha. Táimid tiomanta dár gcuid eolais agus saíneolais a roinnt, agus d'fhoghlaim ó dhearcadh daoine eile chun an córas dlí choiriúil a fheabhsú.
- 1.3.2** Ós rud é go n-oibríonn Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i dtreo cionta agus in ionchúiseamh cionta araon, tá an t-eolas agus an saíneolas praiticiúil againn a chuireann ar ár gcumas comhoibriú go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta chun an chomhairle agus an tuisceant is fearr a thabhairt d'oibríochtaí beartais

agus córais. Is féidir leis an gcomhoibriú seo cabhrú le saincheisteanna a shainaithint go luath, lena n-áirítear dúshláin oibríochtúla, acmhainní, agus srianta ama.

- 1.3.3** I measc an rannpháirteachais agus na for-rochtana sheachtraigh a rinne Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí in 2022, bhí:

- Rannpháirtíocht i gcomhlachtaí agus líonra idirnáisiúnta;
- Freagra ar iarratais mheastóireachta ó chomhlachtaí idirnáisiúnta, a chomhordaíonn ranna rialtais na hÉireann go minic;
- Teagmháil le comhlachtaí náisiúnta agus le coistí idirghníomhaireachta;
- Soláthar oiliúint ar ghníomhaireachtaí sheachtracha;

e) Gníomhaíochtaí for-rochtana eile.

Oiliúint ar Ghníomhaireachtaí Sheachtracha

- 1.3.4** Chomh maith leis an oiliúint a éascaíodh d'Aturnaetha Stáit, d'abhcóide agus don Gharda Síochána mar a leagtar amach i roinn 1.1 den Tuarascáil seo, aithníonn Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí gur deis luachmhar eile é oiliúint a sholáthar d'eagraíochtaí agus do ghníomhaireachtaí seachtracha eile chun dea-chleachtas a chur chun cinn maidir le cionta coiriúla a ionchúiseamh.
- 1.3.5** Lean Foireann an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí uirthi ag cur le Dlí - Chumann na hÉireann, go háirithe ag cur oiliúna ar fáil i rith 2022 agus ag éascú léachtaí agus ranganna teagaisc, chomh maith le cur le próiseas marcála agus scrúdaithe scrúduithe mar chuid den mhodúl Dlíthíochta Coiriúil den Chúrsa Cleachtais Ghairmiúil 1.
- 1.3.6** I measc gníomhaíochtaí for-rochtana eile in 2022 bhí:
- Iarratais ar thaighde agus ar aighneachtaí, lena n-áirítear iarratais ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ón gComhairle Náisiúnta um Choireacht Eacnamaíoch (tríd an Roinn Dlí agus Cirt) agus ón gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí;
 - Reáchtáladh Clár Intéirneachta Ollscoil na Gaillimhe ar bhonn cianda go hiomlán ag soláthar clár socrúcháin chliniciúil do bheirt mhac léinn fochéime ó Ollscoil na Gaillimhe;
 - Thug an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí aitheasc chuig searmanas bronnta Dhlí-Chumann na hÉireann d'Aturnaetha nuacháilithe.

Comhaontóimid sásraí le príomhpháirtithe leasmhara chun feabhsuithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le seachadadh na seirbhíse ceartais choiriúil

- 1.3.7** I mí na Bealtaine 2022, forbraíodh prótacal nua le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) chun próiseáil a dhéanamh ar gach comhad ina ndéantar ordú costas i bhfabhar an Stiúrthóra agus i gcoinne an Stiúrthóra le linn imeachtaí dlíthiúla. Tá tús curtha leis an bprótacal seo agus bunaíodh gréasáin láidre gairmiúla.
- 1.3.8** Leanann rannóg na Cúirte Dúiche ag bainistiú agus ag comhordú ábhar dlí agus nuashonruithe d'acmhainn thiomnaithe bainistíochta eolais do

Láithreoirí Cúirte atá ag feidhmiú go náisiúnta, agus a bhfuil rochtain orthu trí Thairseach an Gharda Síochána. Reáchtáladh cruinnithe idirchaidrimh rialta le baill den Gharda Síochána a bhí freagrach as an tionscadal seo.

- 1.3.9** Leanadh ar aghaidh le comhoibriú le páirtithe leasmhara éagsúla – lena n-áirítear an Garda Síochána ag an nGrúpa um Fhianaise Dhigiteach – chun réitigh phróisis agus chórais a shainaithint chun leibhéil mhéadaitheacha sonraí atá á bpróiseáil chun críocha imscrúdaithe choiriúil agus ionchúiseamh a bhainistiú.
- 1.3.10** Tar éis go leor comhoibrithe idir ár nOifig agus an tSeirbhís Chúirteanna ag cur béime ar an bpráinn a bhaineann le seomra tiomnaithe a bhunú d'íospartaigh i gcásanna bannaí a éisteadh i dTeach Cúirte Chnoc na Seamar, baineadh é seo amach i mí na Nollag 2022.

Páirt a ghlacadh i seachadadh príomhthionscadal trasearnála

- 1.3.11** Bhí rannpháirtíocht shuntasach ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí le linn 2022 i dtionscnaimh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sonraigh i gcóras dlí choiriúil na hÉireann, lena n-áirítear aighneachtaí chuig an gComhairle um Choireacht Eacnamaíoch agus chuig an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí.
- 1.3.12** I measc rannpháirteachais fairsing fhoireann an Stiúrthóra Ionchúisimh Poiblí i gcoistí agus i meithleacha idirghníomhaireachta náisiúnta in 2022 bhí na nithe seo a leanas:
- **An Coiste Straitéiseach um Cheartas Coiriúil** – a thugann le chéile Cinn na nGníomhaireachtaí Ceartais Coiriúil, agus a fhoghrúpaí; Tá triúr ionadaithe ag ár nOifig ar an gcoiste seo, lena n-áirítear an Stiúrthóir agus an Leas - Stiúrthóir.
 - Chomh maith leis an gCoiste Straitéiseach um Cheartas Coiriúil, bunaíodh cúig fhoghrúpa forfheidhmithe tar éis fhoilsiú na chéad **Straitéis Earnála um Cheartas Coiriúil** riamh i mí Aibreáin 2022, eadhon:
 - i) Comhoibriú Straitéiseach a Neartú;
 - ii) Eispéireas an Úsáideora a Fheabhsú;
 - iii) Sonraí mar Spreagthóir;
 - iv) Cumas an Lucht Saothair a Thógáil;
 - v) Tuiscint an Phobail a Mhéadú.

Déanann baill shinsearacha foirne atá ag obair i réimsí a bhaineann le gach colún straitéiseach ionadaíocht ar an Oifig ar gach ceann de na foghrúpaí thuas.

- **Mol Oibriúcháin Ceartais Choiriúil** – grúpa a bhfuil sé de chúram air an Mol a fhorbairt mar chreat lárnach óstála sonraí chun malartú slán sonraí agus faisnéise le comhlachtaí áirithe laistigh d'earnáil an cheartais choiriúil a chumasú. Glacann roinnt ball sinsearach d'fhoireann an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí páirt sa ghrúpa seo.
- **Coiste Comhairleach Straitéiseach um Chearta an Duine de chuid an Gharda Síochána** – tugann an coiste seo comhairle maidir leis an straitéis ghinearálta chun na caighdeáin um chearta an duine a ndéantar cur síos orthu sa Chreat um Chearta an Duine a leabú agus a chinntiú go gcomhlíontar iad i ngach gné d'obair an Gharda Síochána. Déantar ionadaíocht ar ár nOifig ar an gCoiste seo.
- **Fóram um Choireacht agus Éilliú Eacnamaíoch** – Fóram d'ionadaithe sinsearacha ó ghníomhaireachtaí ábhartha a bunaíodh tar éis Athbhreithniú ar Stuchtúir Frith-Éillithe agus Frith-Chalaoise, agus a bhfuil sé de chúram air na moltaí a chur i bhfeidhm mar atá leagtha amach i dTuarascáil Athbhreithnithe Hamilton agus sa phlean forfheidhmithe. Tá ionchúisitheoir sinsearach ónár nAonad Coireachta Airgeadais Speisialta ina chathaoirleach ar an bhFóram seo.
- **Grúpa Oibre Cumarsáide na hEarnála Ceartais Choiriúil** – is fóram comhoibrithe agus comhroinnte eolais é seo do chleachtóirí cumarsáide earnála, agus cuimsíonn a shainchúram tionscnaimh feasachta poiblí a phleanáil go straitéiseach ar fud na hearnála dlí choiriúil. Déanann an Ceann Rialachais agus Gnóthaí Poiblí ionadaíocht ar ár nOifig ar an nGrúpa Oibre seo.

1.3.13 I measc na ngrúpaí agus na gcoistí eile ar a nglacann ár bhfoireann páirt tá:

- Grúpaí feidhmithe idirghníomhaireachta ag eascairt as an Athbhreithniú ar Chosaint Finnéithe Soghonta in Imscrúdú agus in Ionchúiseamh i gCionta Gnéasacha (Tuarascáil O'Malley);
- Dlí-Chumann na Éireann - Coistí um an Dlí Choiriúil agus Coistí Intí agus Earnála Poiblí;

- An Comhlachas um Thaighde agus Forbairt Ceartas Choiriúil;
- Grúpaí úsáideoirí agus coistí éifeachtúlachta do gach dlínse cúirte;
- Grúpaí idirchaidrimh ardleibhéil agus ábharbhunaithe leis an nGarda Síochána;
- Grúpa Ardleibhéil ar Gháinneáil ar Dhaoine;
- Grúpa Saineolaithe ar Bhille chun Cumhachtaí Cuardaigh, Gabhála agus Coinneála an Gharda Síochána a Chódú;
- Grúpa Oibre ar staidreamh a bhaineann le haisghabháil sócmhainní;
- Coiste Stiúrtha Frithsciúradh Airgid agus Foghrúpa um Mhaoiniú Sceimhlitheoireachta;
- Grúpa Athbhreithnithe Bannaí Ardleibhéil;
- Coiste Airteagal 40;
- Grúpa Comhairleach Tionscadal Trasteorann ar Cheisteanna Íospartaigh;
- Grúpa Oibre Trasghníomhaireachta um Fhíschomhdháil;
- Grúpa Tionscadail don Bhille Iomaíochta (Leasú) 2021;
- Roinnt Líonraí Bainistíochta Faisnéise Dlí agus Leabharlannaithe Dlí.

1.3.14 Is gnách go lorgaíonn an Roinn Dlí agus Cirt agus ranna eile tuairimí Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí maidir le dréachtreachtaíocht agus tograí le haghaidh athrú reachtaíochta. Ar fud na hOifige, chomhoibrigh baill foirne le ranna rialtais chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhréachtreachtaíocht. Cuireann baill foirne san Oifig aiseolas saineolach agus praiticiúil ar fáil d'fhonn cur i bhfeidhm agus oibriú na reachtaíochta beartaithe a aithint agus cuidiú leis an bhforbairt sin. Buntáiste a bhaineann leis an aiseolas seo a chur ar fáil is ea reachtaíocht choiriúil nua a chur i bhfeidhm a raibh an buntáiste ann go raibh bonn eolas curtha faoi ag léargas praiticiúil agus oibríochtúil na gcomhghleacaithe saineolacha.

1.3.15 I measc na gcomhdhála náisiúnta a glacadh páirt iontu i rith 2022, bhí:

- An Bord um Chúnamh Dlíthiúil – Ag Obair le hÍospartaigh na Coireachta Gnéis;
- An Cumann um Thaighde agus Forbairt Ceartais Choiriúil – "Gender Encounters in the Criminal Justice System: How does Gender Impact Diverse Experiences?";

- Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath – Policy Powers in Custody;
- Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath – Seoladh na Tuarascála Bliantúla;
- An tAonad Cóireála d'Íonsaithe Gnéasacha – Comhdháil Bhliantúil.

Cinnteoimid go bhfuil struchtúir agus acmhainní leordhóthanacha i bhfeidhm chun tacú le comhar breithiúnach na hÉireann le comhpháirtithe AE agus idirnáisiúnta

1.3.16 Glacann baill foirne Oifig an Stiúrthóra lonchúiseamh Poiblí páirt i go leor comhlachtaí idirnáisiúnta i réimse an cheartais choiriúil. Tá Príomh-lonchúisitheoir Sinsearach ón Oifig lonnaithe in Eurojust, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil, sa Háig. In 2022, ghlac an Stiúrthóir agus foireann Oifig an Stiúrthóra lonchúiseamh Poiblí páirt i roinnt comhlachtaí agus líonraí idirnáisiúnta, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Comhlachas Idirnáisiúnta na nLonchúisitheoirí (IAP);
- Comhairle Chomhairleach Chomhairle na hEorpa um Lonchúisitheoirí Eorpacha;
- In 2022, ghlac an Stiúrthóir agus foireann an Stiúrthóra lonchúiseamh Poiblí páirt i roinnt comhlachtaí agus gréasáin idirnáisiúnta, lena n-áirítear an méid seo a leanas:
- An Líonra Breithiúnach Eorpach in Ábhair Choiriúla;
- Sainghrúpa an Choimisiúin Eorpaigh um Bheartas Coiriúil;

1.3.17 Ghlac an Stiúrthóir páirt freisin i gcomhdháil bhliantúil NADAL (Líonra lonchúisitheoirí Poiblí Bhallstáit an AE) agus i gcomhdháil dhébhlíantúil HoPAC (Comhdháil Cheannairí na nGníomhaireachtaí lonchúisimh).

Cur lenár dtuiscint ar fhorbairtí agus ar thionscnaimh ar leibhéal an AE agus bonn eolais a chur faoi rannchuidiú na hÉireann le beartas ceartais choiriúil an AE

1.3.18 Tá Éire, mar Bhallstát den AE, de Chomhairle na hEorpa agus de na NA, rannpháirteach i go leor tionscnamh reachtach agus neamhreachtach i réimsí an cheartais choiriúil agus chearta an duine, a bhfuil oibleagáidí tuairiscithe agus meastóireachta orthu. I rith 2022, d'fhreagair Oifig an Stiúrthóra lonchúiseamh Poiblí iarrataí ó chomhlachtaí idirnáisiúnta, arna gcomhordú go minic ag ranna rialtais na hÉireann, i gcomhthéacs measúnachtaí ar ghnéithe de chóras ceartais choiriúil na hÉireann. Áiríodh leis seo:

- faisnéis a thabhairt le haghaidh phróisis bhliantúla Thuarascáil an AE maidir leis Riail an Dlí agus an Scórchlár Ceartais;
- páirt a ghlacadh i gCoimisiún débhlíantúil Chomhairle na hEorpa um Éifeachtúlacht na meastóireachta Ceartais;
- páirt a ghlacadh i dTuarascáil 'United States State Department Trafficking in Persons (TIP)';
- páirt a ghlacadh i meastóireacht GREVIO trí ábhar a chur isteach maidir leis an gcaoi a gcomhlíonann an Oifig Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Baile a Chosc agus a Chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl). Is é Grevio an comhlacht saineolaithe neamhspleách atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Choinbhinsiúin seo;
- faisnéis a sholáthar chun cabhrú le cur chun feidhme na "treorach CLA" a chuidíonn leis an Aontas calaois a chomhrac i gcoinne leasanna airgeadais an Aontais.



1.4 Daoine

Leanfaimid ar aghaidh ag cur chun feidhme agus ag leathnú córais agus cleachtais bainistithe eolais trasrannach

1.4.1 Leanadh ar aghaidh le forbairt Thairseach Dhlíthiúil ár n-inlín i rith 2022, i gcomhar le baill foirne ónár bhfoireann Bainistíochta Eolais (KM) agus ón Aonad TFC.

1.4.2 D'fhorbair ár nAonad Speisialta Coireachta Airgeadais clár bainistíochta eolais maidir le sócmhainní a urghabháil le linn 2022. Tugann réamhfhigiúirí le fios gur éirigh leis an gcomhroinnt eolais seo, agus aisghabhadh €7.3

milliún tar éis 138 ordú coigistíochta (don Oifig ar fad, Aturnaetha Stáit san áireamh) go dtí deireadh na bliana.

Ár gcumas gairmiúil agus ceannaireachta a fhorbairt agus a neartú trí dheiseanna a sholáthar d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus d'fhoghlaim ghairmiúil leanúnach

Foghlaim agus Forbairt

- 1.4.3 Aithníodh** Foghlaim agus Forbairt (L&D) do 2022 tríd an rannóg L&D de ePMDS (Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta), comhráite promhaidh, rannpháirtíocht bainistíochta agus cruinnithe an Ghrúpa Stiúrtha um Oiliúint Dhlíthiúil, agus bunaithe ar riachtanais ghnó na hOifige. San iomlán, d'fhreastail ár bhfoireann ar 196 imeacht agus tionscnamh seachtrach agus 45 imeacht agus tionscnamh inmheánach, agus iad go léir comhordaithe ag ár nAonad Acmhainní Daonna agus Forbartha Eagraíochta (HR-OD). D'fhág sé sin go raibh os cionn 3,431 uair an chloig forbartha gairmiúla leanúnaí ann don Oifig in 2022.
- 1.4.4** Leanamar orainn ag tacú le foghlaim fhoirmiúil bhreise faoinár Scéim Aisíocaíochta Táillí, ag déanamh urraíochta ar thart ar 10% dár ndaoine i réimsí ceannaireachta agus bainistíochta, dlí, cibearshlándála, coireachta an bhóna bháin, bainistíocht tionscadail agus rialachais. Lean ár dtiomantas d'fhoghlaim idir piaraí agus ar an láthair oibre ar aghaidh le tionscnaimh amhail tionscadail thras-rannacha agus forbairt leanúnach ar ár dtairseach eolais.
- 1.4.5** Ag baint úsáide as uirlisí meastóireachta, lena n-áirítear suirbhéanna, grúpaí fócais agus comhoibriú tras-eagraíochtúil, rinneamar tuilleadh tionscnamh saincheaptha L&D a dhearadh agus a sheachadadh in 2022 chun tacú lenár ndaoine i bhfeidhmiú a róil, agus chun a gcuid eolais, scileanna agus inniúlachta a fheabhsú. Chomh maith le hoiliúint rialála, bainistíocht tionscadail, cumarsáid, scileanna scríbhneoireachta agus rialachas, réachtáil muid ar gClár Abhcóideachta freisin.
- 1.4.6** Leanamar leis an meastóireacht ar ár gclár agus tá anailís mhionsonraithe againn le tabhairt chun cinn in 2023 chun feabhas a chur ar an gcaoi a gcabhraímid lenár ndaoine fás agus foghlaim.

Ceannaireacht, Cóitseáil agus Meantóireacht

- 1.4.7** Mar chuid dár nAthbhreithniú Ionduchtúcháin, d'fhorbraíomar seisiún ceannaireachta 'bualadh le chéile agus beannú dá chéile' inar tugadh deis dár bhfostaithe nua bualadh leis an bhfoireann shinsearach i suíomh neamhfhoirmiúil. Thug sé seo deis d'iontrálaithe nua cloisteáil go díreach ó bhainisteoirí sinsearach faoina dturas san Oifig agus faoina bhfuil súil acu a bhaint amach mar chuid den fhoireann bainistíochta sinsearaí.
- 1.4.8** Leanadh ar aghaidh le forbairt ceannaireachta dár gceannairí rannóige a dtugadh ardú céime dóibh le déanaí trí shíneadh a chur lena gclár meantóireachta seachtrach. Thug ár nAonad HR-OD tacaíocht do bhainistíocht daoine trí chomhpháirtíocht le bainisteoirí lena chinntiú gur tacaíodh leo agus gur cuireadh dea-chleachtas ar fáil dóibh maidir le bainistíocht feidhmíochta agus promhaidh.
- 1.4.9** Tugadh ár dara clár meantóireachta inmheánaí chun críche go rathúil in 2022, a raibh 13 phéire meantóra i gceist leis.

Na hacmhainní dlí, corparáideacha agus digiteacha, na scileanna agus an saineolas is gá a fháil chun freastal ar éilimh seirbhíse

- 1.4.10** Tar éis dúinn an buiséad a chur faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i samhradh 2022 ag lorg acmhainní breise, fuaireamar méadú 13.4% ar ár mbuiséad do 2023. Áiríodh leis an méadú seo ar acmhainní an soláthar do 41 ball foirne breise do 2023. Cuireadh tús láithreach le pleanáil ar straitéisí earcaíochta chun na róil seo a líonadh.
- 1.4.11** Leanamar lenár feachtas earcaíochta chun ár bhfórsa saothair a thógáil in 2022, agus reáchtálar 20 comórtas, ar chomórtais inmheánacha cúig cinn díobh. Mhéadaíomar freisin an úsáid a bhainimid as painéil shoghluaisteachta na státseirbhíse. Trí earcaíocht, promóisin inmheánacha agus soghluaisteacht na státseirbhíse, líonamar 34 post ar fud na heagraíochta in iliomad disciplíní, lena n-áirítear dlí, acmhainní daonna, beartas, forbairt eagraíochtúil, anailísíocht agus cóiríocht/seirbhísí. Ag deireadh 2022, bhí 234 ball foirne ag an Oifig.
- 1.4.12** D'ardaigh muid ár bpróifíl mar fhóistoir trí athchóiriú ar na leathanaigh 'Fúinn' agus 'Ag Obair Linn' ar ár suíomh gréasáin, www.dppireland.ie, chomh maith le trí fhreastal ar thrí imeacht gairme ar leith, ag comhoibriú leis

an tSeirbhís Chúirteanna agus leis an mBord um Chúnamh Dlíthiúil chun díriú ar ghairmeacha in earnáil an cheartais choiriúil.

Prionsabail agus cleachtais phleanála fórsa saothair straitéisigh a leabú, agus pleanáil ionduchtúcháin agus comharbais a neartú

1.4.13 In 2022 méadaíodh agus forbraíodh ár gcumas pleanála straitéiseach don fhórsa saothair (SWFP) trí anailís PESTLE (Polaitiúil, Eacnamaíoch, Socheolaíochta, Teicneolaíochta, Dlí, Comhshaoil), agus trí phrionsabail SWFP a fhorbairt chun cabhrú le cinntí acmhainní a chur ar fáil. Tá siad seo á n-úsáid againn chun leanúint ar aghaidh ag ullmhú do thionchar na n-acmhainní méadaithe sa Gharda Síochána agus sa Bhreithiúnacht, chomh maith le raon cionta agus reachtaíochta nua. In 2023 coinneoidh muid straitéisí láidre earcaíochta agus SWFP chun a chinntiú go mbeidh sé de chumas ag ár nOifig na caighdeán seirbhíse is airde a sholáthar in ionchúisimh phoiblí.

Tacú le speisialtóireacht agus le foirne trasfheidhmiúla chun riachtanais seirbhíse dlí, beartais agus corparáideacha a chomhlíonadh

1.4.14 Tá go leor meithleacha trasfheidhmiúla laistigh dár nOifig ag díriú ar réimsí scoite oibre, lena n-áirítear:

- Foréigean Baile;
- Fianaise Leictreonach;
- Gáinneáil ar Dhaoine;
- Treoirínte maidir le Nochtadh;
- Folláine.

Próisis rannpháirtíochta foirne a leabú chun ionchuir, smaointe agus rannpháirtíocht foirne a spreagadh ag gach leibhéal ar fud na hOifige

Páirtíocht Fostaithe

1.4.15 I rith fhorbairt ár Ráiteas Straitéise 2022-2024 go luath in 2022, tugadh cuireadh do gach ball foirne páirt a ghlacadh i gceardlanna comhairliúcháin. Ba thionscadal é seo faoi stiúir na foirne ónar forbraíodh luachanna agus príomhchuspóirí nua, rud a léiríonn an t-ionchur suntasach ón bhfoireann ag na ceardlanna rannpháirtíochta.

1.4.16 Ag eascairt as an tionscadal seo, bhain an Oifig leas as faisnéis luachmhar rannpháirteachais fostaithe agus bhíomar ag baint úsáide as sin chun ár dtionscnaimh fostaithe a mhúnlú.

1.4.17 Lean an Oifig uirthi ag éascú roinnt fóram rannpháirtíochta foirne i rith 2022, ag ar chomhoibriú baill foirne ag leibhéal agus disciplíní éagsúla lena gcomhghleacaithe chun eolas agus smaointe a roinnt, agus cumarsáid agus éifeachtúlacht san ionad oibre a fheabhsú. I measc na bhfóram sin tá: an Coiste Comhpháirtíochta; fóram na mBainisteoirí Riaracháin Dlí; an Rannán Seirbhíse Corparáideacha Ardoifigeach Feidhmiúcháin/ Fóram na nOifigeach Feidhmiúcháin; agus Fóram Comhordaithe d'Íospartaigh Leochaileacha.

Nuálaíocht

1.4.18 D'éascaigh an Oifig a 4^ú Clár dámhachtainí bliantúla um Fheabhas agus Nuálaíocht inmheánach in 2022. Tá sé mar aidhm ag an gclár seo nuálaíocht a spreagadh trí thiomantas agus tiomantas na mball foirne a bhfuil baint acu le tionscadail eagraíochtúla éagsúla a aithint agus a cheiliúradh. Tionóladh painéal moltóireachta trasrannach chun measúnú a dhéanamh ar ainmniúcháin a fuarthas agus chun buaiteoirí/ moltaí a roghnú. I mí na Nollag 2022, tugadh aitheantas foirmiúil do dheich dtionscadal i searmanas a d'óstáil an Stiúrthóir.

Cuirfidimid clár oibre an chomhionannais agus na héagsúlachta chun cinn trí fhórsa saothair éagsúil agus cuimsitheach a fhostú agus a fhorbairt

Éagsúlacht agus ionchuimsiú

1.4.19 Déanann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí iarracht a bheith ina láthair oibre ilghnéitheach agus ionchuimsitheacht agus lorgaíonn sí bealaí go leanúnach chun an fhéiniúlacht seo a chur chun cinn agus a fhorbairt, tacú le fostaíocht daoine faoi mhíchumas agus ionchuimsitheacht a chur chun cinn.

1.4.20 Chun leanúint lenár dtiomantas dár n-oibleagáidí faoin Acht um Míchumas 2005, chuireamar tacaíocht agus rochtain ar fáil ar sheirbhísí agus ar shaoráidí do dhaoine faoi mhíchumas. Chuir ár nOifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Míchumas cúnamh ar fáil do chomhghleacaithe agus dá mbainisteoirí de réir mar ba gha.

1.4.21 In 2022, rinneamar feachtas ar fud na hOifige chun baill foirne a spreagadh ag gach leibhéal agus i ngach ról chun ceardlann trí chuid a chur i gcrích ar dhualgas na hEarnála Poiblí faoin Acht um Chearta an Duine agus Comhionannas in Éirinn.

1.4.22 Cuireadh tús le hobair in 2022 chun comhoibriú lenár gcomhghleacaithe san earnáil cheartais agus chun páirt a ghlacadh i gClár Intéirneacht Taighde Dlí Chothromais in 2023. Is é aidhm an chlár seo rochtain níos fearr a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine ó phobail atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch ar thaithí oibre dlí. Cuireadh tuilleadh oibre i gcrích freisin maidir le hearcaíocht lena chinntiú gur leagadh béim ar ár dtiomantas d'éagsúlacht agus do chuimsiú inár sonraíochtaí poist.

Cothromaíocht inscne

1.4.23 Tá Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí tiomanta do chomhionannas inscne. Ag deireadh 2022, b'ionann ár gcóimheas cothromaíochta inscne eagraíochtúil agus 64% baineann agus 36% fireann. Tá Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i measc an 14% d'eagraíochtaí Éireannacha freisin a bhfuil Ceann Oifige baineann acu (An Phríomh-Oifig Staidrimh 2021). Cinntíonn an Oifig freisin boird agallaimh atá cothrom ó thaobh inscne de le linn earcaíochta.

Folláine foirne a chur chun cinn, lena n-áirítear Creat Sláinte agus Folláine na Státseirbhíse a chur i bhfeidhm

Folláine fostaithe

1.4.24 Tá eagraíochtaí ar fud na hearnála poiblí agus príobháidí ag aithint an tábhacht a bhaineann le folláine fostaithe agus dea-mheabhairshláinte níos mó agus níos mó. Tá ár ndaoine ríthábhachtach maidir le misean na hOifige a sheachadadh agus nuair a bhíonn siad sláintiúil agus spreagtha, tagann feabhas ar a dtaithí agus ar a dtorthaí san ionad oibre. Tá Coiste Folláine tras-eagraíochtúil againn a bhíonn i gceannas ar imeachtaí, feachtais agus tionscnaimh a eagrú chomh maith le páirt a ghlacadh i Lónra Folláine na Seirbhíse Poiblí.

1.4.25 Bhí an Coiste Folláine gníomhach i rith 2022 agus d'eagraigh sraith tacaíochtaí idir ríomh-acmhainní, imeachtaí agus seisiúin feasachta i réimsí meabhairshláinte, oideachais airgeadais, sláinte dhearfach agus laghdú struis. Eagraíodh imeachtaí sóisialta freisin agus bhaineamar lántairbhe as ár suíomh álainn le himeachtaí am lóin, lena n-áirítear siúlóid threoraithe bhithéagsúlachta i bPáirc an Fhionnuisce, chomh maith le turas rothar de chuid na hOifige don tSeachtain Náisiúnta Rothar.

Ár n-Athléimneacht a Thógáil

1.4.26 Mar is amhlaidh le go leor fostóirí, tá Seirbhís Cúnamh d'Fhostaithe againn atá ar fáil do gach ball foirne. Chomh maith leis sin, mar aitheantas ar na rioscaí bunúsacha breise a bhaineann lenár gcuid oibre, mar shampla, tráma indíreach, rinneamar ár gcéad Chlár Cúraim Foirne a reáchtáil ar bhonn píolótach in 2022. Ba é aidhm an chlár spás machnamhach, sábháilte agus rúnda a chur ar fáil chun tionchar na hoibre a dhéanaimid a phlé, agus machnamh a dhéanamh ar bhealaí chun an tionchar seo a bhainistiú trí ghníomhaíochtaí féinchúraim, tacaíocht piaraí, déileáil agus straitéisí athléimneachta. Tugadh an clár chun críche go déanach in 2022 agus cuireadh tús le hathbhreithniú ar a éifeachtacht. Cuirfidh na torthaí uaidh seo bonn eolais faoi na chéad chéimeanna eile in 2023.

Ag obair le carthanais

1.4.27 Gach bliain, eagraíonn ár gCoiste Folláine roinnt tionscnamh atá bunaithe ar charthanais. In 2022, áiríodh leo sin maidin charthanachta i gcabhair ar Ospís Naomh Proinsias (i gcuimhne ar chomhghleacaí dil a chailleadar níos luaithe in 2022), bailiúchán Uibheacha Cásca do Leanáí na hÚcráine, agus ár bhFeachtas bliantúil 'Capuchin Centre Food Hamper'.

Plean inbhuanaitheachta agus glas ár nOifige a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm

1.4.28 Leanann ár nAonad Seirbhísí Eagraíochta agus Ginearálta le feachtas na foirne ar thionscnaimh chomhshaoil agus inbhuanaitheachta a chur chun cinn agus a ardú ar fud na hOifige. Déanann an t-aonad maoirseacht freisin ar chur i bhfeidhm ár ngníomhartha éifeachtúlachta fuinnimh agus is féidir leat tuilleadh a léamh faoi seo in [Aguisín 5: Tuarascáil Bhliantiúil faoi Éifeachtúlacht Fuinnimh 2022](#).

1.4.29 Chuir ár nAonad TFC tús le soláthar 'cliant tanaí' chun críocha tástála in 2022. Úsáidfí na cliant seo níos lú fuinnimh agus tagann siad in ionad ríomhairí pearsanta toirtiúla, rud a chruthaíonn níos mó spás deisce. Críochnófar an tionscadal seo i rith 2023.

CUID 2: Achoimre ar Chomhaid a Fuarthas agus ar Thorthaí

Nóta Mínithe i nDáil le Staitisticí

2.1.1 Tá staitisticí sa chuid seo miondealaithe ina sé chuid ar leith:

- i) Cairt 2.1.1 go dtí Cairt 2.1.5 a bhaineann le comhaid a theacht isteach san Oifig agus lena n-áirítear mionsonraí faoi chineálacha na dtreoracha a tugadh;
- ii) Cairt 2.2.1 go dtí Cairt 2.2.5 ina dtugtar mionsonraí faoi thorthaí na gcásanna a ndearna an Stiúrthóir ionchúiseamh ar díotáil ina leith maidir leis na comhaid sin a tháinig faoi bhráid na hOifige idir an bhliain 2019 agus an bhliain 2021.
- iii) Soláthraíonn Cairteacha 2.3.1 go 2.3.3 mionsonraí faoi iarratais a rinneadh chuig na cúirteanna i ndáil le hachomhairc i gcásanna coiriúla, i ndáil le hathbhreithnithe ar phianbhreitheanna ar fhoras trócaire míchuí, i ndáil le coigistiú agus forghéilleadh sócmhainní coiriúla, agus i ndáil le Barántais Gabhála Eorpacha;
- iv) Tugtar sonraí i gCairteanna 2.4.1 go 2.4.3 maidir le hullmhú/eisiúint Barántais Ghabhála Eorpacha, Barántais Ghabhála um Chomhaontú Trádála agus Comhair, agus iarrataí ar eiseachadh; agus
- v) Tugann Cairt 2.5.1 mionsonraí ar iarratais ar chúnamh dlí frithpháirteach a phróiseáil Oifig an an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.
- vi) Tugann Cairteanna 2.6.1 go 2.6.2a achoimre ar líon na n-iarratas a fuarthas ó íospartaigh na coireachta ar chúiseanna agus athbhreithnithe i gcásanna ina ndearnadh cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh sna blianta 2020, 2021 agus 2022 agus na príomhchatagóirí cionta a bhí ina n-ábhar do na hiarratais sin.

2.1.2 Baineann gach idirdhealú de réir na mblianta sna táblaí staitistice leis an mbliain ar tháinig an comhad faoi bhráid na hOifige. Is é cúis atá

le heolas a ríomh chomh fada siar i gcairteanna 2.2.1 go dtí 2.2.5 ionas go dtugtar san áireamh an tréimhse ama a bhíonn caite idir cinneadh ionchúiseamh a thioncsnamh agus an tráth a dtugtar breith cúirte. Dá mbeifí le staitisticí a chur ar fáil i ndáil le torthaí chásanna na bliana 2022, bheadh sciar mór de na cásanna á rangú go fóill mar chásanna atá le héisteacht agus is beag fiúntais a bheadh leis na staitisticí. Ní gá gur léiriú ionadaíoch an léargas ar chásanna a éistítear tamall gairid tar éis a dtabhairt.

2.1.3 Déantar iarracht sa tuarascáil seo leaganacha nuashonraithe de na sonraí a léiríodh sna Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo a thabhairt san áireamh chun cuntas níos iomláine a thabhairt ar an dul chun cinn a rinneadh ó foilsíodh na sonraí roimhe seo. Mar gheall ar an athrú a thagann go seasta ar stádas cásanna – mar shampla, d'fhéadfadh cás a rabhtas ag feitheamh ina leith tráth ar ullmhaíodh tuarascáil roimhe seo a bheith tugtha chun críche faoin am seo – beidh an fhaisnéis sa tuarascáil seo éagsúil leis an bhfaisnéis ar an réimse céanna cásanna i dtuarascálacha roimhe seo. Chomh maith leis sin, ní móide gur inchomórtais sonraí ó bhlianta éagsúla ó tharla gur mó de na cásanna a thugtar chun críche le himeacht aimsire agus go bhféadfadh sin gur iomláine an t-eolas maidir le cásanna ó na blianta is luaithe ná ó na blianta is deireanaí. Mura luaitear a mhalairt, rinneadh leasú maidir leis na sonraí a luaitear sna staitisticí seo ag deireadh an mhí an Meithimh 2023.

2.1.4 Ní mór cúram maidir leis na staitisticí seo a chur i gcomparáid le staitisticí a fhoilsíonn eagraíochtaí eile, mar shampla an tSeirbhís Chúirteanna nó an Garda Síochána. Tá na staitisticí a fhoilsítear anseo bunaithe ar rangú agus ar chatagóirí na hOifige féin agus ní gá go mbeadh an córas sin agus an córas rangúcháin in eagraíocht eile ag teacht le chéile go baileach.

2.1 Comhaid Ionchúisimh a Fuarthas

Léirítear i gCairt 2.2.1 an líon iomlán comhad ionchúisimh a fuarthas in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ó 2003 go 2022.

Ní áirítear sa chairt obair atá déanta ag an Oifig i ndáil le nithe eile nach mbaineann go díreach le comhaid ionchúisimh choiriúil, mar shampla: iarratais ar chomhairle dlí ón nGarda Síochána, ó aturnaetha stáit áitiúla nó ó ghníomhaireachtaí eile; nithe a bhaineann le beartas; nó fiosrúcháin ghinearálta.

CAIRT 2.2.1: Líon Iomlán na gComhad a Fuarthas


BLIAIN	COMHAID	BLIAIN	COMHAID
2003	14696	2013	13761
2004	14613	2014	14012
2005	14427	2015	14306
2006	15279	2016	13169
2007	15446	2017	13667
2008	16144	2018	14849
2009	16074	2019	15580
2010	15948	2020	17102
2011	16127	2021	18251
2012	15285	2022	17359

Soláthraíonn Roinn Aturnaetha Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí seirbhís aturnae don Stiúrthóir agus gníomhaíonn thar a ceann. Déileálann an roinn freisin le cásanna nach gcaitear a tharchur go díreach chuig an Roinn Treorúcháin chun treoir a fháil.

Léiríonn Cairt 2.1.2 an líon cásanna ar dhéileáil Roinn na nAturnaetha, agus an roinn sin amháin, leo agus áirítear inti comhaid ionchúisimh don Chúirt Dúiche, achomhairc ón gCúirt Dúiche go dtí an Chúirt Cuarda agus iarratais ar Bhannaí san Ard-Chúirt. Léiríonn an figiúr d'Achomhairc ón gCúirt Dúiche an líon comhad a sealbhaíodh agus ní an líon cúiseamh aonair a ndearnadh achomharc orthu. D'fhéadfadh roinnt cúiseamh a bheith faoi achomharc ag aon chosantóir amháin.


Déileálann Roinn na nAturnaetha le hiarratais ar athbhreithniú breithiúnach freisin. Cé gurb í Roinn na nAturnaetha, agus an roinn sin amháin, a dhéileálann le cuid de na hiarratais sin, caithear cuid eile a chur ar aghaidh chuig an Roinn Treorúcháin le treoir a fháil. Mar gheall go bhfuil an Roinn Athbhreithnithe Bhreithiúnacha lonnaithe i Roinn na nAturnaetha, áfach, tá an líon iomlán d'iarratais ar athbhreithniú breithiúnach ar déileáladh leo sa chart seo. Is féidir leis an Stiúrthóir Athbhreithniú Breithiúnach a ghlacadh nó is féidir athbhreithniú breithiúnach a ghlacadh ina aghaidh.

Cairt 2.1.2: Comhaid a ndéileáiltear leo i Roinn na nAturnaetha



Léirítear i gCairt 2.1.3 líon na gcomhad a fuarthas ina gcaithfear cinneadh a dhéanamh iad a ionchúiseamh nó gan iad a ionchúiseamh. Déanann an chart comparáid idir líon na gcomhad a fuarthas agus líon na daoine a bhfuil drochamhras fúthu ó thaobh na gcomhad sin. Tá sé seo amhlaidh toisc go mbaineann go leor comhad le breis is duine amháin a bhfuil amhras fúthu. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, breathnú ar líon iomlán na ndaoine a bhfuil drochamhras fúthu chomh maith le líon iomlán na gcomhad.

Cairt 2.1.3: Briseadh Síos Maidir Leis na Comhaid a Fuarthas d’Fhonn Cinneadh Cibé an nDéanfaí Ionchúiseamh



Tá cur síos sa chairt seo ar na comhaid a fuair an Roinn Teorúcháin agus a ndearna sí iad a dhiúscairt i 2020, 2021 agus 2022 (suas go dtí Iúil 2022). Cuireann an Garda Síochána agus gníomhaireachtaí imscrúdúcháin speisialta na comhaid faoi bhráid Roinn na nAturnaetha go díreach nó faoi bhráid aturnae stáit áitiúil le haghaidh treorach faoi dhul ar aghaidh nó gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Déantar cinneadh mar seo a leanas, ag tabhairt tromchúiseacht an chiona agus an fhaisnéis atá sa chomhad i gcountas:

Ionchúiseamh ar bith: Déantar cinneadh gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Is de bharr ganntanas fianaise sa chuid is mó a dhéantar cinneadh gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Léiríonn na figiúirí, áfach, na cúiseanna go léir gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh.


Ionchúiseamh ar Díotáil: Déantar cinneadh dul ar aghaidh le hionchúiseamh sa Chúirt Chuarda, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil nó i gCúirt Speisialta Choiriúil.

Diúscairt Achomair: Bíonn an cion le hionchúiseamh sa Chúirt Dúiche.

Faoi Bhreithniú: Comhaid nach mbíonn cinneadh déanta maidir leo. Ar áireamh anseo tá na comhaid ina raibh gá le tuilleadh faisnéise nó imscrúdaithe sula bhféadfaí cinneadh a dhéanamh.

Cairt 2.1.4: Diúscairt Comhad an Roinn Teorúcháin de Réir Líon Daoine is ábhar do na Comhaid a Fuarthas


Treoir Déanta	2022	%	2021	%	2020	%
Ionchúiseamh ar Bith	4702	33%	5784	36%	5993	37%
Ionchúiseamh nó Indíotail	4496	32%	4921	31%	5191	32%
Diúscairt Achomair	4631	33%	5119	32%	4975	31%
LÍON IOMLÁN COMHAD A DIÚSCRAÍODH	13829	98%	15824	100%	16159	100%
Faoi Bhreithniú	297	2%	61	0%	54	0%
IOMLÁN	14126	100%	15885	100%	16213	100%



Bíonn cúiseanna éagsúla ann, seachas na príomhchúiseanna a leagtar amach sa chairt seo gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh i ndáil le comhad áirithe. Cúpla sampla de na cúiseanna seo ná, bás nó dul ar iarraidh an duine atá faoi amhras, bás nó dul ar iarraidh an ghearánaí, nó diúltú an ghearánaí fianaise a thabhairt. Is é 'eile' an tagairt a úsáidtear ina leith seo sa chairt thíos.

Cairt 2.1.4a: Cur Síos ar na Príomhchúiseanna ar Threoir gan Duine atá faoi Amhras a Ionchúiseamh

Príomhchúiseanna gan dul ar aghaidh	2022	%	2021	%	2020	%
Ganntanas Fianaise	3599	77%	4485	78%	4633	77%
Tarraingíonn an Páirtí Díobháilthe Siar an Gearán	548	12%	596	10%	535	9%
Rabhadh Aosach	149	3%	84	1%	83	1%
Clár Athstíurtha Óige	55	1%	75	2%	99	2%
Moill Mhíchúí	36	1%	46	1%	51	1%
Leas an Phobail	35	1%	86	1%	107	2%
Tréimhse Ama Caite	34	1%	48	1%	50	1%
Amhrastach Básaithe	28	1%	45	1%	49	1%
Forais Tuisceanacha	3	0%	1	0%	4	0%
Eile	215	5%	318	5%	382	7%
IOMLÁN	4702		5784		5993	



Is briseadh síos atá i gCairt 2.1.4b de na teoracha a tugadh ionchúiseamh ar diotáil a dhéanamh, de réir an chontae ina ndearnadh an cion. Cuirtear san áireamh inti cásanna a treoiríodh a éisteacht sa Chúirt Choiriúil, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sna Cúirteanna Coiriúla Speisialta. Tabhair ar aird, go bhfuil líon cásanna ar cásanna iad 'atá á mbreithniú' (féach cairt 2.1.4). Áirítear anseo cásanna ina bhfuarthas comhad ach ina dteastaíonn breis faisnéise. Ní féidir a dhéanamh amach cé mhéad de na cásanna sin a bhféadfadh treoir d'ionchúiseamh ar diotáil a bheith mar thoradh orthu.

Cairt 2.1.4b: CUR SÍOS AN LÍON IONCHÚISEAMH AR DIOTÁIL TREORAITHE DE RÉIR CONTAE AN CHIONA

	Daonra			Daonra			Daonra			Ionchúiseamh ar Diotáil Treoraithe de Réir Contae an Chionna					Cásanna an 1,000 Dúinne				Meáin Leanúnach 3 Bliana	
	2022*	2021*	2020*	2019*	2018*	2022	2021	2020	2019	2018	2022	2021	2020	2019	2018	2022	2021	2020	2019	2018
Ceatharlach	61,931	59,810	59,298	58,799	58,057	69	59	38	36	38	69	59	38	36	38	1.11	0.99	0.64	0.61	0.65
An Cabhán	81,201	79,705	78,797	78,565	77,812	48	63	74	61	72	48	63	74	61	72	0.59	0.79	0.94	0.78	0.93
An Clár	127,419	123,294	122,591	121,762	121,109	82	84	81	84	89	82	84	81	84	89	0.64	0.68	0.66	0.69	0.73
Corcaigh	581,231	566,157	563,405	555,151	549,963	368	350	353	348	311	368	350	353	348	311	0.63	0.62	0.63	0.63	0.57
Dhún na nGall	166,321	166,566	164,669	164,185	162,610	126	115	96	94	68	126	115	96	94	68	0.76	0.69	0.58	0.57	0.42
Baile Átha Cliath	1,450,701	1,426,000	1,417,600	1,395,600	1,370,500	1,734	2,041	2,174	1,671	1,483	1,734	2,041	2,174	1,671	1,483	1.20	1.43	1.53	1.20	1.08
Gaillimh	276,451	268,988	267,564	264,090	260,673	182	143	208	162	148	182	143	208	162	148	0.66	0.53	0.78	0.61	0.57
Ciarraí	155,258	154,043	153,295	151,049	149,637	89	122	109	100	83	89	122	109	100	83	0.57	0.79	0.71	0.66	0.55
Cill Dara	246,977	238,605	236,925	233,695	230,045	191	215	233	193	117	191	215	233	193	117	0.77	0.90	0.98	0.83	0.51
Cill Chainnigh	103,685	104,249	103,355	102,485	101,192	59	76	68	68	52	59	76	68	68	52	0.57	0.73	0.66	0.66	0.51
Laois	91,657	89,014	88,087	88,348	87,334	68	95	85	63	80	68	95	85	63	80	0.74	1.07	0.96	0.71	0.92
Liatroim	35,087	33,528	33,146	33,049	32,732	16	29	18	14	22	16	29	18	14	22	0.46	0.86	0.54	0.42	0.67
Luimneach	205,444	202,242	201,089	199,730	198,659	238	271	257	290	188	238	271	257	290	188	1.16	1.34	1.28	1.45	0.95
An Longford	46,634	42,956	42,509	42,635	42,145	71	61	88	63	41	71	61	88	63	41	1.52	1.42	2.07	1.48	0.97
Lú	139,100	138,210	137,237	135,366	133,251	129	121	145	160	126	129	121	145	160	126	0.93	0.88	1.06	1.18	0.95
Maigh Eo	137,231	136,034	135,314	133,557	131,829	103	98	94	78	66	103	98	94	78	66	0.75	0.72	0.69	0.58	0.50
An Mhí	220,296	209,157	207,684	204,853	201,653	125	114	126	85	74	125	114	126	85	74	0.57	0.55	0.61	0.41	0.37
Muineachán	64,832	64,230	63,498	63,311	62,704	62	73	60	52	43	62	73	60	52	43	0.96	1.14	0.94	0.82	0.69
Uíbh Fhailí	82,668	81,935	81,081	81,321	80,388	84	45	77	34	51	84	45	77	34	51	1.02	0.55	0.95	0.42	0.63
Ros Comáin	69,995	67,278	66,922	66,053	65,198	37	40	58	41	34	37	40	58	41	34	0.53	0.59	0.87	0.62	0.52
Sligeach	69,819	68,571	67,790	67,590	66,942	51	57	53	39	38	51	57	53	39	38	0.73	0.83	0.78	0.58	0.57
Tiobraid Árann	167,661	165,565	164,621	163,509	162,632	139	141	126	134	152	139	141	126	134	152	0.83	0.85	0.77	0.82	0.93
Déileálann an tAonad Idirchaidrimh Íospartaigh le gach iarratas ar chúiseanna agus athbhreithnithe a fhaightear ó íospartaigh na coireachta. Sholáthair an Oifig leabhráin faisnéise d'Íospartaigh ar 'Conas a dhéanaimid cinntí maidir le hionchúiseamh' agus 'Conas cúiseanna agus athbhreithnithe a iarraidh'. Tá an dá leabhrán - mar aon le cinn eile a d'fhéadfadh cuidiú le hÍospartaigh na coireachta - ar fáil ar an rannóg 'Íospartaigh agus Finnéithe' ar ár suíomh gréasáin, WWW.DPP.IRELAND.IE.

Chomh maith le hobair an Aonaid Idirchaidrimh Íospartach, tá freagrachtaí ag gach ball foirne dlíthiúil san Oifig, aturnaetha stáit agus an abhcóide a dhéanamh ionadaíocht ar son na hOifige as a chinntiú go gcomhlíonfaidh an Oifig a hoibleagáidí i ndáil le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartach arna leagan amach san Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta) 2017. Áirítear leis sin cruinniú réamhthrialach a éascú le hÍospartaigh i gcineálacha áirithe cásanna, agus bearta speisialta a chur i bhfeidhm chun cuidiú le hÍospartaigh fianaise a thabhairt i gcás go bhfuil gá leis sin.

Iarratais ar Chúiseanna agus Athbhreithnithe

Leagtar amach i gCairteanna 2.6.1 agus 2.6.1a thíos líon na n-iarratas ar achoimre ar chúiseanna a fuarthas in 2022, 2021 agus 2020 agus catagóirí na gcionta a bhí ina n - ábhar do na hiarrataí sin.


Cairt 2.6.1: Iarrataí ar Achoimre ar Chúiseanna

	2022	2021	2020
Na cúiseanna a tugadh	548	613	670
Na cúiseanna a diúltaíodh	20	25	28
Na cúiseanna larchurtha	20	14	0
Ar feitheamh	4	0	0
IOMLÁN iarrataí i gcomhair cúiseanna a fuarthas	592	652	698

Áireofaí samplaí de chásanna inár diúltaíodh dóibh iarrataí bainteacha le cinntí a rinneadh roimh 16 de mhí na Samhna 2015, nó go mbeadh tionchar acu ar chás cúirte sa todhchaí. Áirítear le cásanna iarchurtha cásanna ina bhfuil cúis curtha siar mar gheall ar an mbaol go ndéanfaí dochar d'ionchúiseamh reatha.

CAIRT 2.6.1a: Catagóirí Cionta a bhí faoi Réir Iarrataí i gComhair Cúiseanna

Catagóirí Cionta	2022	2021	2020
Cionta Gnéasacha	223	270	310
Cionta Neamh-Mharfacha i gCoinne Duine	188	192	179
Cionta Gadaiochta agus Calaoise	47	58	65
Cionta Marfacha	16	29	32
Damáiste Coiriúil	27	25	15
Trácht Bóithre (Ginearálta)	16	11	21
Eile	75	67	76



IOMLÁN

592

652

698

NÓTA: Féadfaidh figiúirí do 2019 agus 2020 a bheith éagsúil ó Thuarascálacha Bliantúla eile mar gheall ar athchatagóiriú cionta

Leagtar amach i gCairteanna 2.6.2 agus 2.6.2a thíos líon na n-iarratas ar achoimre ar chúiseanna a fuarthas in 2022, 2021 agus 2020 agus catagóirí na gcionta a bhí ina n-ábhar do na hiarrataí sin.

Cairt 2.6.2: Iarrataí i gcomhair Athbhreithniú ar Chinneadh gan Ionchúiseamh a dhéanamh

	2022	2021	2020
Cinntí bunaidh	235	206	208
Cinntí bunaidh a cuireadh ar ceal	9	6	10
Iarrataí neamhbhailí	2	1	2
Ar feitheamh	2	2	0


IOMLÁN Iarrataí i gcomhair athbhreithniú	248	215	220
---	------------	------------	------------

Áireofaí iarraidh neamhbhailí, mar shampla, iarraidh chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh a rinne An Garda Síochána agus ní Oifig an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí.

CAIRT 2.6.2a: Catagóirí conta a bhí ina n-ábhair d'iarrataí athbhreithnithe

Catagóirí Cionta	2022	2021	2020
Cionta Gnéasacha	95	77	87
Cionta Neamh-Mharfacha i gCoinne Duine	76	68	60
Cionta Gadaiochta agus Calaoise	25	24	27
Cionta Marfacha	7	10	6
Damáiste Coiriúil	10	8	5
Trácht Bóithre (Ginearálta)	4	9	5
Eile	31	19	30
IOMLÁN	248	215	220

NÓTA: D'fhéadfadh figiúirí do 2020 a bheith éagsúil ó Thuarascálacha Bliantúla eile mar gheall ar athchatagóiriú cionta





CUID 3: Cora Nua i gCúrsaí Dlí 2022

Cora Nua i gCúrsaí Dlí 2022

Réamhrá

- 3.1 Tugann an chaibidil seo breac-chuntas ar roinnt de na cinní cúirte le bliain anuas atá tábhachtach, nó suimiúil, nó a bhfuil fasach luachmhar acu maidir le hobair ionchúisimh. Ní cheadaíonn spás athbhreithniú cuimsitheach ar an gcásdlí ar fad ó 2022, ach ba cheart go dtabharfadh na cásanna atá leagtha amach thíos léargas don léitheoir ar na saincheistanna a thagann chun cinn ó am go ham in ionchúiseamh cionta.

Dlí Bunreachtúil

Dowdall v. Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus Ors; Hutch v. Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus Ors [2022] IESC 36, (An Chúirt Uachtarach O'Donnell C.J. (nem. diss.), Hogan J. (comhthráthach), 29 Iúil 2022)

- 3.2 Cúisíodh na hiarratasóirí os comhair na Cúirte Coiriúla Speisialta as dúnmharú. Thug na hiarratasóirí dúshlán an Fhorógra Rialtais a rinneadh AR an 26 Bealtaine 1972 ag bunú na Cúirte Coiriúla Speisialta, de bhun alt 35(2) den Acht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit 1939. Agus í ag seasamh le bunreachtúlacht alt 35(2), chinn an Chúirt Uachtarach nach bhfuil tástáil 'buaine' in Acht 1939 chun dleathacht na Cúirte a thomhas agus chinn sí go bhfuil an tástáil ar dhleathacht laistigh den reacht féin, is é sin cibé an bhfuil nó nach bhfuil an Rialtas den tuairim nach leor na gnáthchúirteanna chun riaradh an cheartais a áirithiú.

Piotr Perucki v. Éire, An tArd-Aighne agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí [2022] IEHC 222, (An Ard - Chúirt, Barr J., 8 Aibreán 2022)

- 3.3 Cúisíodh an t-iarratasóir i gcionta a bhí contrártha leis an Acht um Mí-Úsáid Drugaí 1977 agus rinne sé iarratas, nár éirigh leis, na cúisimh a dhíbhe de bhun alt 4E den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 1967. Thug an t-iarratasóir dúshlán bhunreachtúlacht alt 4E ag áitiú gur sháraigh an fhoráil a cheart ar thriail chothrom agus a cheart chun comhionannais arm mar nach soláthraíonn an fhoráil ceart achomhairc i gcoinne cinneadh neamhfhabhrach. Dhearbhaigh an Ard-Chúirt nach bhfuil alt 4E den Acht um Nós Imeachta

Coiriúil 1967 míbhunreachtúil agus nach bhfuil aon éagothroime bhunúsach ann maidir leis an éagothroime a bhaineann le caitheamh leis an gcúisí agus leis na cúisitheoirí.

CW v. An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Éire, An tArd-Aighne agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí [2022] IEHC 336, (An Ard-Chúirt, Stack J., 1 Meitheamh 2022)

- 3.4 Thug an t-iarratasóir dúshlán alt 3(5) den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2006 a d'fhoráil gurbh é an caighdeán cruthúnais a bhí ag teastáil chun a chruthú go raibh dul amú réasúnta ar an gcosantóir maidir le haois an linbh, in ionchúiseamh mar gheall ar chion atá contrártha le halt 3, an caighdeán sibhialta. Dhearbhaigh an Chúirt go bhfuil sé neamh-incheadaithe go bunreachtúil ualach dlíthiúil a chur ar chúisí i dtriail choiriúil, seachas ualach fianaise, agus dhearbhaigh sí go bhfuil alt 3(5) d'Acht 2006 neamhbhaillí. Rinneadh achomharc ar an mbreithiúnas seo. Dhíbhe an Chúirt Uachtarach an t-achomharc.

Dlí Fianaise

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. McDonald [2022] IESC 29, (An Chúirt Uachtarach, Charleton J. (nem. Diss.), Hogan J. (comhthráthach), 30 Meitheamh 2022)

- 3.5 Rinne an cúisí achomharc chun na Cúirte Uachtaraí ar cheist a raibh tábhacht phoiblí i gcoitinne ag baint léi. Ba iad na ceistanna a cuireadh ná an bhféadfaidh duine gafa toiliú a thabhairt go bailí le samplaí fóiréinseacha a thógáil óna gchorp d'ainneoin go soláthraíonn an tAcht um Cheartas Coiriúil (Fianaise Fhóiréinseach) 1990 nós imeachta chun samplaí den sórt sin a thógáil agus, ar an dara dul síos, an bhfuil sé riachtanach aturnae a bheith i láthair chun an toiliú sin a thabhairt go bailí. Chinn an Chúirt Uachtarach go bhféadfaí fianaise fhóiréinseach a thógáil go dleathach, sa chás go bhfuarthas í le toiliú i gcúisí ina bhfuair an té a raibh amhras faoi nó fúithi fógra faoi chearta agus gur bhain sé nó sí leas as comhrá teileafóin le haturnae, agus nár cheart í a chur as an áireamh mar fhianaise ó thriail.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. FN [2022] IESC 22, (An Chúirt Uachtarach, Charleton J., Hogan J., Woulfe J. (easaontú), 23 Bealtaine 2022)

- 3.6 Dhearbhaigh an Chúirt Uachtarach gurb é an rud nach mór do na cúisitheoirí a chruthú ná gur ionsaigh an cúisí an t-íospartach d'aon ghnó ar bhealach míghéanach nó i gcúinsí míghéanacha. Dhearbhaigh an Chúirt Uachtarach nach bhfuil aon cheanglas ar na cúisitheoirí i gcásanna ionsaithe gnéasacha cúis ghnéasach a chruthú ar thaobh an chúisí. Leagtar amach sa bhreithiúnas trí ghné do chion an ionsaithe ghnéasaigh: gur ionsaigh an cúisí an t-íospartach d'aon ghnó; go gcruthaítear go bhfuil an t-ionsaí nó na cúinsí a ghabhann leis an ionsaí míghéanach ar chaighdeán oibiachtúil; agus gurbh é cuspóir an chúisí ionsaí a dhéanamh sna cúinsí míghéanacha seo. Bíodh go bhféadfadh bunchúis an ionsaithe a bheith ábhartha don phianbhreith, ní féidir leis a bheith ábhartha maidir leis an gcineál ionsaithe a tharla a chinneadh.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Bradley agus Bradley (2022) IECA 63, (An Chúirt Achomhairc, 10 Márta 2022)

- 3.7 Ciontaíodh na hachomharcóirí i ndúnmharú agus d'áitigh siad ar achomharc go raibh breitheamh na trialach mícheart chun fianaise ar fhinné súl a admháil toisc gur spreagadh an ráiteas trí úsáid a bhaint as an teicníc agallaimh cognaíoch feabhsaithe (ECI). Dhíbh an Chúirt Achomhairc an t-achomharc á rá go raibh na conclúidí ar tháinig breitheamh na trialach orthu go bhfuil "tá ECI faoi stiúir finné chun ceisteanna tosaigh agus míthreoracha a sheachaint, ach thar aon rud eile tá sé trédhearcach" ina gconclúidí go raibh an breitheamh i dteideal teacht orthu.

An Dlí maidir le Saincheisteanna Ógánach

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Sean Furlong [2022] IECA 85, (An Chúirt Achomhairc (Sibhialta), Birmingham P., Edwards J., Binchy J., 4 Aibreán 2022)

- 3.8 Rinne an Stiúrthóir achomharc ar chinneadh de chuid na hArd-Chúirte a chuir cosc ar ionchúiseamh an fhreagróra. Bhí an freagróir díreach os cionn 17 mbliana d'aois ag am na gcionta líomhnaithe agus bhí 18 mbliana slánaithe aige, agus ní raibh sé ina leanbh a thuilleadh, nuair a cúisíodh é 15 mhí ina dhiaidh

sin. Chinn an Chúirt Achomhairc, bíodh go raibh moill ionchúisimh inmhilléain ann, agus gurbh ionann an réamhchlaonadh don fhreagróir agus míbhuntáiste suntasach, nár mhór é sin a mheá in aghaidh ghníomhartha an chúisí agus tromchúis an chiontaithe. Chinn an Chúirt Achomhairc go raibh sé ar mhaithe le leas an phobail cionta tromchúise den sórt sin a ionchúiseamh.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. O'F [2022] IEHC 462, (An Ard-Chúirt, O'Regan J., 11 Iúil 2022)

- 3.9 Chinn an Ard - Chúirt nach féidir leis an gCúirt Dúiche ciontuithé roimhe seo a chur san áireamh agus ceist na dlínse á cinneadh le linn éisteachta de bhun alt 75 d'Acht na Leanaí 2001.

Cleachtas agus Nós Imeachta

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Yusif Ali Abdi [2022] IESC 24, (An Chúirt Uachtarach, Charleton J., 30 Bealtaine 2022)

- 3.10 Bhain an cás seo le léirmhíniú "fíorais nua-aimsithe" i gcomhthéacs iarratais faoi alt 9 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 1993 ar dheimhniú iomrall ceartais. Bhí achomharc déanta ag an gcúisí ar chiontú i ndúnmharú tar éis diagnóis nua scitsifréine paranóideach roinnt blianta tar éis a thrialach. Tar éis atrialach, fuarthas an cúisí neamhchiontach mar gheall ar ghealtacht i bhfianaise na fianaise nua leighis. Bronnadh deimhniú ar an gcúisí mar gheall ar iomrall ceartais. Rinne an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí achomharc ar dheonú an deimhnithe. Dhíbh an Chúirt Uachtarach an t-achomharc agus sheas sí le rialuithe na hArd-Chúirte agus na Cúirte Achomhairc go ndearna diagnóis an Uasail Abdi a bhí athraithe, agus an fíorasc neamhchiontach ina dhiaidh sin mar gheall ar ghealtacht, an cinneadh bunaidh ina iomrall ceartais. Dá bhrí sin eisíodh deimhniú faoi alt 9 d'Acht 1993.

PM v. An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí [2022] IEHC 209, (An Ard-Chúirt, Hyland J., 30 Márta 2022)

- 3.11 Rinne an t-iarratasóir iarracht achomharc a dhéanamh ar chinneadh bhreitheamh na Cúirte Cuarda diúltú dá iarratas chun an díotáil a chur ar ceal. D'áitigh an t-iarratasóir go raibh sé de cheart aige achomharc a dhéanamh in aghaidh an diúltaithe seo agus níor cheart go mbeadh

air fanacht go dtí gur ciontaíodh é agus gur daoradh é chun tús a chur le hachomharc. Dhearbhaigh an Ard-Chúirt gurb iad na haon fhorálacha reachtacha sonracha le haghaidh achomhairc iad siúd faoi alt 3 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 1993, a fhorálann go n-éistfidh an Chúirt Achomhairc achomhairc i gcoinne ciontaithe agus/nó pianbhreithe. Dá bhrí sin, ní fhoráiltear d'aon achomharc maidir le cinneadh réamhthrialach.

Stephen Tallon v. An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, Éire agus an tArd - Aighne [2022] IEHC 322, (An Ard-Chúirt, Phelan J., 31 Bealtaine 2022)

- 3.12 Ciontaíodh an t-iarratasóir seo as sárú a dhéanamh ar ordú sibhialta a rinneadh faoi alt 115 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006 a chuir srian air dul i mbun cainte poiblí laistigh de limistéar geografach ar leith. D'fhéach an t-iarratasóir leis na ciontuithe a chur ar neamhní. Dhearbhaigh an Ard-Chúirt go raibh toirmeasc iomlán ar labhairt poiblí ró-leathan, agus *ultra vires* na cumhachtaí a thugtar leis an Acht, agus chuir sé an t-ordú agus na ciontuithe araon ar neamhní contrártha d'alt 117 d'Acht 2006.

WC v. An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí [2022] IEHC 229, (An Ard - Chúirt, Meenan J., 7 Aibreán 2022)

- 3.13 Cúisíodh an t-iarratasóir i gcionta gnéasacha. Nocht an gearánach go ndearna daoine seachas an cúisí ionsaithe gnéasacha eile uirthi freisin. Lorg an t-iarratasóir nochtadh iomlán i leith na ngearán seo. Chuir an t-iarratasóir tús le himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh ag lorg toirmeasc ar a thriail toisc nach raibh nochtadh na ngearán seo ar na bacáin. Chuir an Ard-Chúirt bac ar an ionchúiseamh mura ndéantar agus go dtí go ndéantar nochtadh iomlán ar na gearáin eile seo leis an iarratasóir. Tá achomharc déanta ag an DPP ar an gcinneadh seo chuig an gCúirt Achomhairc.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Ciaran Davitt [2022] IEHC 320, (An Ard-Chúirt, Bolger J., 31 Bealtaine 2022)

- 3.14 Léirigh an Ard-Chúirt seo alt 8(2) d'Acht an Gharda Síochána 2005, agus Ordú 6 de Rialacha na Cúirte Dúiche, chun ceart éisteachta amháin a sholáthar don chomhalta den Gharda Síochána a thionscnaíonn agus a stiúran an t-ionchúiseamh araon. Dhearbhaigh an Chúirt, toisc nár

thionscain agus nár stiúraigh an Láithreoir Cúirte an t-ionchúiseamh, nach raibh ceart éisteachta aige. Rinne an DPP achomharc ar an gcinneadh. Cheadaigh an Chúirt Uachtarach an t-achomharc ar an 14 Iúil 2023.

Triail a Thoirmeasc

BM v. DPP [2022] IECA (Neamhthuairiscithe), (An Chúirt Achomhairc, Edwards J., 21 Iúil 2022)

- 3.15 Dhearbhaigh an Chúirt Achomhairc go bhfuil an Stiúrthóir i dteideal a cinneadh deireadh a chur le hionchúiseamh ar athbhreithniú a fhreaschur, agus nach bhfuil an teidlíocht seo ag brath ar cheart reachtúil a bheith ag íospartach athbhreithniú den sórt sin a lorg. Dhearbhaigh an Chúirt freisin nár léiríodh aon dochar ginearálta ná sonracha agus nár sáraíodh nósanna imeachta córa.

Petru Pauletti v. Garda Dunne agus DPP [2022] IEHC 714, (Ard-Chúirt, Stack J. 15 Nollaig 2022)

- 3.16 Cúisíodh an t-iarratasóir i gcionta os comhair na Cúirte Dúiche agus lorg sé ordú toirmisc ón Ard-Chúirt ar fhorais moille ionchúisimh agus moille cúirte mar gheall ar an bpaindéim. Dhiúltaigh an Ard-Chúirt don iarratas. Dhearbhaigh an Ard-Chúirt gur tharla an mhoill mar gheall ar éigeandáil dhomhanda sláinte poiblí a raibh gá le freagraí urghnácha ón Stát agus ó na Cúirteanna, agus nach raibh socruithe na Cúirte a bhí i bhfeidhm d'éisteachtaí tosaíochta míréasúnta.

Dlí Tráchta Ar Bhóithre

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Sophie Smith [2022] IEHC 601, (An Ard-Chúirt, Meenan J., 2 Samhain 2022)

- 3.17 Cúisíodh an cúisí i gcion ar tiomáint ar meisce contrártha d'alt 4 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010. Chualathas fianaise os comhair na Cúirte Dúiche go raibh an cúisí ag taobh an bhóthair tar éis gabhála ar feadh tuairim is naoi nóiméad, ag fanacht le veain de chuid an Gharda Síochána ag teacht. Chinn breitheamh na Cúirte Dúiche go raibh údar oibiachtúil leis an gcoinneáil. Lorg breitheamh na Cúirte Dúiche tuairim na hArd-Chúirte faoi cé acu an raibh nó nach raibh oibleagáid ar na Gardaí comhairle a chur ar an gcúisí maidir leis an gcúis a bhí leis an moill i ndiaidh gabhála agus

réamhtheachta ag Stáisiún Gardaí. Bhí an Ard-Chúirt sásta gur chuid intreach den choinneáil a bhí sa mhoill agus ní raibh aon dualgas ar na Gardaí an duine gafa a chur ar an eolas faoi na cúiseanna a bhí leis an moill. Ní raibh an ghabháil neamhdhleathach.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Colleen McCann [2022] IECA 302, (An Chúirt Achomhairc, McCarthy J., 21 Nollaig 2022)

- 3.18** D'iarr an Chúirt Chuarda ar an gCúirt le hAchomharc a dhéanamh trí chás sainchomhairleach chun dhá cheist a chinneadh i ndáil le pianbhreith a ghearradh mar gheall ar an gcion de thiomáint mhíchúramach is cúis le bás contrártha d'alt 52 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961. Chinn an Chúirt Achomhairc nach raibh feidhm ag dícháiliú éigeantach ó cheadúnas tiomána a shealbhú ach amháin sa chás go bhfuil dhá chiontú roimhe sin contrártha d'alt 52 sna trí bliana roimhe sin. Dhearbhaigh an Chúirt freisin go bhfuil cúisí speisialta ann ina bhféadfaí an cúis a shaoradh ó dheimhniú inniúlachta/infheidhmeachta a léiriú.

Dlí Pianbhreithe

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Jason Davis [2022] IECA 57, (An Chúirt Achomhairc), Birmingham J, 10 Márta 2022

- 3.19** Dhearbhaigh an Chúirt Achomhairc, i ndiaidh an *tArd-Aighne v. Poyning* 1972 IR 402, gur cheart go mbeadh an pointe tosaigh i gcomhchiontóirí le pianbhreith a ghearradh i gcónaí go seirbheálann siad pianbhreitheanna den chineál céanna mura bhfuil difríochtaí suntasacha i leibhéil inmhilléanachta nó cúisí pearsanta. Mheas an Chúirt go raibh méid na héagsúlachta sa chás seo de chineál go raibh gá le hidirghabháil.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Cribbin [2022] IECA 52, (An Chúirt Achomhairc, Birmingham J, 8 Márta 2022)

- 3.20** Phléadail an freagróir ciontach as líomhain bhréagach a bheith déanta faoi ionsaí gnéasach tar éis timpiste tráchta ar bhóithre. Gearradh téarma príosúnachta dhá bhliain a cuireadh ar fionraí go hiomlán ar an bhfreagróir ar dtús. Rinne an DPP achomharc ar an bpianbhreith ar

fhorais trócaire mhíchuí. D'áitigh an DPP go raibh an phríomhphianbhreith dhá bhliain ró-íseal ag féachaint do na cúisí géaraitheacha. Chuir an Chúirt Achomhairc an phianbhreith bhunaidh ar neamhní agus gearradh téarma príosúnachta trí bliana go leith ar an bhfreagróir agus an dá bhliain go leith deiridh curtha ar fionraí.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Duffy [2022] IECA 53, (An Chúirt Achomhairc, McCarthy J., 8 Márta 2022)


- 3.21** Phléadail an freagróir ciontach in ionsaí a rinne díobháil thromchúiseach agus thairg sé €10,000 a íoc mar chúiteamh leis an íospartach. Gearradh pianbhreith phríosúin ceithre bliana ar fionraí go hiomlán ar an gcúisí. Rinne an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí achomharc ar an bpianbhreith ar fhorais trócaire mhíchuí. Dhearbhaigh an Chúirt go raibh an breitheamh contráilte maidir leis an aithreachas agus íoc cúitimh a mheas mar chúis speisialta de chineál substaintiúil, rud a d'fhág gur ghá an phianbhreith phríosúin a chur ar fionraí ar fad. Ghearr an Chúirt Achomhairc pianbhreith ceithre bliana agus trí bliana curtha ar fionraí.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. James Howlin [2022] IECA 150, (An Chúirt Achomhairc, Edwards J., 22 Meitheamh 2022)


- 3.22** Ciontaíodh an freagróir i gcion a bhí contrártha le halt 15A den Acht um Mí-Úsáid Drugaí 1977 agus rinne achomharc ar an bpianbhreith. Dhearbhaigh an Chúirt Achomhairc nach mór do bhreitheamh pianbhreithe, agus an phianbhreith shainordaitheach thoimhditheach deich mbliana á breithniú aige nó aici, breithniú a dhéanamh ar dtús ar an bpianbhreith chomhréireach a bheadh ann d'iompar ciontaithe an achomharcóra, agus má bhí an phianbhreith seo faoi bhun an íosmhéid éigeantach thoimhdigh, ansin amháin, dá mbreithneodh an breitheamh pianbhreithe an raibh imthosca eisceachtúla ann a d'fhágfadh go mbeadh pianbhreith nach lú ná deich mbliana príosúnachta éagórach sna himthosca go léir.

Aguisíní

Aguisín 1: Struchtúr na hEagraíochta (Iúil 2023)



Aguisín 2: Próiseas Ionchúisimh Choiriúla in Éirinn



Aguisín 3: Caiteachas Oifige

Taispeánann Cairt A3.1 an miondealú ar chaiteachas oifige do 2022, 2021 agus 2020.

Tuarastail agus Pá: Léiríonn sé seo an costas a bhaineann le tuarastail na foirne atá fostaithe san Oifig. Ba é a bhí sa líon iomlán foirne ar an 31 Nollaig 2022 ná 234 (228.4coibhéis lánaimseartha).

Speansais Oifige: Baineann sé seo le costais ghinearálta riaracháin, lena n-áirítear ceannach agus cothabháil trealaimh oifige, soláthairtí oifige, costais leabharlainne, cothabháil áitribh na hoifige, costais taistil agus costais theagmhásacha.

Seirbhís na nAturnaetha Stáit: Tagraíonn sé seo d'íoc méideanna a comhaontaíodh trí chonradh le 32 Aturnae Stáit i gcleachtais phríobháideacha atá faoi chonradh leis an Oifig seo chun ionadaíocht a dhéanamh ar an Stiúrthóir sna cúirteanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.


Táillí Abhcóide: Is táillí iad seo a íoctar leis na habhcóidí a ionchúisíonn cásanna thar ceann an Stiúrthóra i gcúirteanna coiriúla éagsúla. Socraítear na táillí de réir na bparaiméadar a shocraíonn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Costais Ghinearálta Dhlíthiúla: Baineann sé seo le híoc costas dlíthiúil arna mbronnadh ag na cúirteanna in imeachtaí dlíthiúla in aghaidh an Stiúrthóra.

NÓTA: Maidir leis na méideanna atá leagtha amach i gCairt A3.1 i ndáil le Tuarastail, Pá agus Liúntais agus i ndáil le Costais Oifige, tá siad glan ar asbhaintí a bhaineann le pinsin agus ar Leithreasai-i-gCabhair faoi seach.

Cairt A3.1: Caiteachas Oifige

	2022 €	%	2021 €	%	2020 €	%
Tuarastail, Pá Liúntais	17,704,360	35%	16,294,740	37%	15,363,236	36%
Costais Oifige	2,842,772	6%	2,367,390	5%	3,085,423	7%
Seirbhís na nAturnaetha Stáit	8,333,219	17%	7,183,237	16%	7,235,623	17%
Táillí Abhcóide	20,071,958	40%	17,143,233	39%	15,785,139	36%
Costais Ghinearálta Dlí	1,094,932	2%	917,865	2%	2,129,895	5%
IOMLÁN	50,047,241		43,861,465		43,599,316	




Léiríonn Cairteacha A3.2 agus A3.3 miondealú ar chaiteachas ar tháillí d'abhcóide sna cúirteanna coiriúla éagsúla agus de réir réigiúin i leith na Cúirte Coiriúla Cuarda.

Clúdaíonn na táillí a íoctar le habhcóidí sa Chúirt Chuarda Choiriúil, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil sa Chúirt Speisialta Choiriúil comhairle a thabhairt maidir le cruthúnais, díotálacha a dhréachtú, seisiúin chomhairle a sheoladh, díotchúiseamh, an cás a chur i láthair na cúirte agus láithris riachtanacha eile e.g. nuair atá pianbhreitheanna á ngearradh.

Is iad seo a leanas na príomhnithe a chlúdaítear sa chaiteachas ar tháillí san Ard-Chúirt: iarratais ar bhannaí agus an obair ullmhúcháin agus éisteachtaí a bhaineann hathbhreithnithe breithiúnacha.


Cairt A3.2: Táillí Abhcóide a Íocadh arna Lua de Réir na Cúirte

	2022 €	%	2021 €	%	2020 €	%
An Chúirt Chuarda	9,179,868	46.0%	7,975,532	47%	6,965,910	44%
An Phríomh-Chúirt Choiriúil	7,274,706	36.0%	5,138,133	30%	5,342,675	34%
An Ard-Chúirt	1,655,887	8.0%	1,720,376	10%	1,395,123	9%
An Chúirt Uachtarach	188,245	1.0%	314,153	2%	385,486	3%
An Chúirt Achomhairc	830,969	4.0%	1,031,091	6%	1,128,720	7%
An Chúirt Choiriúil Speisialta	891,798	5.0%	941,449	5%	538,282	3%
An Chúirt Dúiche	50,485	0.0%	22,499	0%	28,942	0%
IOMLÁN	20,071,958		17,143,233		15,785,138	



Cairt A3.3: Táillí Abhcóide a Íocadh arna Lua de Réir na Cuarda

	2022 €	%	2021 €	%	2020 €	%
Cuaird Bhaile Átha Cliath	4,506,464	49%	3,961,483	50%	3,484,297	50%
Cuaird Chorcaí	414,511	5%	537,262	7%	481,390	7%
Cuaird an Oirthir	1,064,775	12%	818,568	10%	794,341	11%
Cuaird Lár Tíre	456,502	5%	496,404	6%	435,859	6%
Cuaird an Tuaiscirt	335,631	4%	330,478	3%	238,415	3%
Cuaird an Oirdheiscirt	1,242,909	13%	280,688	4%	714,463	10%
Cuaird an Iardheiscirt	849,310	9%	926,432	12%	605,338	9%
Cuaird an Iarthair	309,766	3%	624,217	8%	211,807	4%
IOMLÁN	9,179,868		7,975,532		6,965,910	



Sliocht as an gCuntas Leithreasa 2022

Cuntas ar an tsuim a caitheadh i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2022, arna cur i gcomórtas leis an tsuim a deonaíodh, agus ar an tsuim sa bhreis air sin is féidir a chur i leith leithreasaí i gcabhair, i ndáil le tuarastail agus costais Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

		Soláthar na Eastacháin €000	€000	2022 Toradh €000	2021 Toradh €000
CAITEACHAS CLÁIR					
A.	Seirbhís Ionchúisimh a Sholáthar				
	<i>Forlíonadh Bunaidh</i>	48,652 3,445			
			52,097	50,878	45,244
	Ollchaiteachas		52,097	50,878	45,244
	<i>Lúide</i>				
B.	Leithreasaithe-i-gCabhair		820	831	772
	Glanchaiteachas				
	<i>Forlíonadh Bunaidh</i>	47,832 3,445			
			€51,277	€50,047	€44,472
An Barrachas atá le Géilleadh					
Dlitear barrachas an méid a soláthraíodh i gcomparáid leis an nglanmhéid a úsáideadh a thabhairt don Státchiste					
				2022	2021
An Barrachas atá le Géilleadh				€1,229,759	€231,875

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Na Rialacháin um Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála 2002

Feidhmiú an Achta i rith n Tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022

Déanann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí íocaíochtaí le soláthraithe tar éis na hearraí nó na seirbhísí a bhíonn i gceist a chur ar fáil go sásúil agus tráth nach déanaí ná 30 lá ón am a gcuireann an soláthraí sonrasc faoi bhráid. Maidir le táillí abhcóidí, cé nach gcruthaítear sonraisc, tá de nós ag an Oifig táillí abhcóide a íoc tráth nach déanaí ná 30 lá ó thagann foirm tuairisce cáis i ndáil le haon chás ar bith.

I rith na tréimhse faoi chaibidil, rinne an Oifig ocht n-íocaíocht dhéanacha de bhreis ar €317.50. Ba é luach iomlán na n-íocaíochtaí seo ná €13,974. B'ionann luach iomlán na n-íocaíochtaí déanacha i rith na bliana ar fad agus €14,149 as luach iomlán íocaíochtaí de €3.1 milliún agus b'ionann an t-ús ina leith sin agus €903.84.

Ráiteas an Oifigigh Chuntasaíochta

Tá Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar cheann de na heagraíochtaí sin a thagann faoi réir théarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus na Rialachán maidir le hÍocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála 2002. Tháinig an tAcht i bhfeidhm ar an 2 Eanáir 1998 agus chloígh an Oifig le téarmaí an Achta ón am sin i leith.

Cuirtear stampa ar an bhfuil dáta an lae sin le gach sonrasc an tráth a dtagann sé. Ceadaítear na sonraisc agus cuirtear ar aghaidh iad lena n-íoc in am tráth ionas go gcinntítear go ndéantar an íocaíocht le linn na tréimhse iomchuí. Nuair a bhíonn na sonraisc á n-íoc déantar an dáta ar tháinig siad isteach agus an dáta íocaíochta a chur i gcomparáid le chéile agus sa chás go bhfuil an teorainn ama iomchuí á sárú, cruthaítear íocaíocht úis leis an mbeart céanna. Sna cásanna sin ina mbíonn íocaíocht úis dlite, tugtar an t-ábhar sin ar aird an lucht bainistíochta ionas gur féidir aon bheart ceartúcháin is gá a dhéanamh.

Dearbhú réasúnach amháin, agus ní dearbhú glan iomlán, in aghaidh neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta is féidir a chur ar fáil leis na nósanna imeachta atá curtha ar bun.

Marion Berry Oifigeach Cuntasaíochta Iúil 2023

Aguisín 4: Dualgas um Chomhionannas agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí

Dualgas Comhionannais agus Cearta an Duine na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm in Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí

- A4.1** Bunaítear le hAlt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) 2014 dualgas ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt ar an ngá atá le deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna na foirne agus na ndaoine a gcuirtear seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint. Ceanglaíonn an tAcht ar chomhlachtaí poiblí dul chun cinn maidir le comhionannas agus cearta daonna a mheasúnú, aghaidh a thabhairt air agus tuairisciú a dhéanamh air, ar bhealach atá inrochtana don phobal.
- A4.2** Sonraíonn Ráiteas Straitéise Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí conas a leanfaimid le béim a chur ar chomhionannas agus cearta daonna agus iad a chur chun cinn trínár gcuid oibre ó lá go lá, an tseirbhís ionchúisimh a sheachadadh ar bhealach éifeachtach agus cothrom, le hionracas agus le meas ar dhínt an duine. Cinntímid freisin go leagtar béim ar na dualgais seo dár bhfoireann. Tá an oiliúint chomhionannais agus chearta an duine a chuireann an tionscnamh ar fud na státseirbhíse, OneLearning, chun cinn curtha chun cinn againn i gcomhar le IHREC laistigh den Oifig agus meastar go bhfuil gá le hoiliúint do gach ball foirne.
- A4.3** Úsáideann Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí na príomhbhealaí seo a leanas chun aghaidh a thabhairt ar ár ndualgais maidir le Dualgas Earnála Poiblí:
- Leagann na **Treoirlínte d'Ionchúisitheoirí**, a ionchorpraíonn Cód Eitice, amach caighdeáin chearta an duine agus comhionannais a bhfuil an Stiúirthóir ag súil go gcomhlíonfaidh gach ionchúisitheoir agus iad ag comhlíonadh a bhfeidhmeanna maidir le híospartaigh agus iad siúd a bhfuil amhras fúthu nó atá cúisithe i gcionta coiriúla. Coimeádtar na Treoirlínte agus an Cód Eitice faoi athbhreithniú leanúnach.
 - Tugann ár mbeartais **Acmhainní Daonna agus Forbairt Eagraíochtúil (HR & OD)** éifeacht do na saincheisteanna cearta daonna agus comhionannais a bhaineann le baill foirne san Oifig. Coinnímid na beartais seo faoi athbhreithniú lena chinntiú go gcomhlíonann siad na caighdeáin chearta daonna agus comhionannais is cuí. Mar chuid dá gcuid oibre comhionannais, cinntíonn an tAonad HR & OD, agus ról á líonadh, go bhfuil na riachtanais do gach ceann acu uilechuimsitheach, agus go leagtar amach go soiléir na tacaíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas ar mian leo iarratas a dhéanamh ar ról den sórt sin.
 - Tá ról ríthábhachtach ag ár **nOifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas (DLO)** san Oifig chun saincheisteanna a thabhairt chun cinn don fhoireann faoi mhíchumas. Cinnteoidh an DLO go bhfuil an timpeallacht oibre ina bhfuil comhghleacaithe faoi mhíchumas fostaithe ag tacú lena riachtanais ar leith

agus ina n-aithnítear iad. Cabhróidh an DLO freisin le baill foirne nua a shannadh, agus sainriachtanais a shainaithint (m.sh. teicneolaíocht chúnta) na foirne roimh a sannadh, aistriú nó ardú céime. Déanfaidh an DLO monatóireacht ar staitisticí na hOifige maidir leis an sprioc fosta 3% a shárú d'fhostaíocht daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí.

- Beartas na Státseirbhíse '**Dínit ag an Obair**': Tá Beartas Frithbhulaíochta, Ciapadh agus Ciapadh Gnéis do Státseirbhís na hÉireann', arna fhorbairt i gcomhpháirtíocht idir bainistíocht na Státseirbhíse agus ceardchumainn foirne, i bhfeidhm san Oifig. Mar chuid den Bheartas seo, is í Seirbhís Chúnaimh Fostaithe na Státseirbhíse a sholáthraíonn ról an Duine Teagmhála de ghnáth. Is duine aonair é Duine Teagmhála ar féidir leis faisnéis ghinearálta a sholáthar maidir leis an mBeartas um Dhínit ag an Obair, agus ábhair eile a bhaineann le bulaíocht, ciapadh agus gnéaschiapadh.
- Tá ár **nOifigeach Rochtana** freagrach as rochtain chomhionann ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí a sholáthraíonn Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a chinntiú. Áiríonn sé seo a chinntiú go bhfuil ár suíomh Gréasáin inrochtana don lucht féachana is leithne agus is féidir, lena n-áirítear daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas a d'fhéadfadh a bheith ag baint úsáide as teicneolaíocht chúnta. Chuige sin, coinnítear ár suíomh gréasáin faoi athbhreithniú leanúnach maidir le hinrochtaineacht de réir na dTreoirilínte um Inrochtaineacht Ábhar Gréasáin. Coinníonn an Oifig sraith leabhráin faisnéise scríofa i dteanga shimplí arna fhaomhadh ag an Áiséineacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh, atá ar fáil d'íospartaigh na coireachta agus don phobal i gcoitinne. Coimeádtar na leabhráin seo faoi athbhreithniú agus nuashonraítear iad de réir mar is gá. Tá foilseacháin eile i dteanga shimplí á bhforbairt.
- Tá ár **nAonad AD OD** réamhghníomhach maidir le raon leathan deiseanna Foghlama agus Forbartha a sholáthar don fhoireann ar fad. Mar chuid d'áiríonn oiliúint agallóra do

chomhaltaí boird agallaimh, clúdaítear modúl ar chlaonadh neamhfhirosach. Ceanglaítear ar gach ball nua den bhord agallaimh dul faoin oiliúint seo. Lean an Oifig ar aghaidh le modúil maidir le hoiliúint comhionannais agus éagsúlachta dár bhfoireann dhlíthiúil, thug sí oiliúint isteach d'fhinnéithe leochaileacha, agus tá oiliúint á cur chun cinn aici i réimse na mbeart speisialta.

Aguisín 5: Tuarascáil Bhliantiúil faoi Éifeachtúlacht Fuinnimh 2022

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2022

In 2022, d'ídigh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí 996.84MWh d'fhuinneamh.

Baineann iomlán an fhuinnimh a ídíodh le téamh spáis, aerchóiriú, uisce te, soilsiú, córais ríomhaireachta agus trealamh oifige eile ag ár bhfoirgnimh oifige ar mBóthar na hOtharlainne.

Tá an figiúr sin curtha le chéile mar a leanas:

- 404.32MWh de leictreachas;
- 592.52MWh de Ghás Nádúrtha

Bíodh gur coinníodh bearta bainistithe fuinnimh, b'ionann sin agus laghdú ar ídiú fuinnimh le linn 2021 agus 11.4%. Is féidir é seo don chuid is mó a chur i leith an méid seo a leanas:

- éifeacht bliana iomlána an fhillte chuig gnáthuaireanta téimh oifige i gcomparáid le 2021 nuair a cuireadh síneadh leis an raon uaireanta chun socruithe oibre níos sábháilte a bhaineann le bearta coisctheacha COVID-19 san ionad oibre a éascú, agus lean an oifig uirthi ag soláthar seirbhíse riachtanaí; agus
- eolas agus tuiscint fheabhsaithe ar Chórais Bhainistíochta Foirgníochta a raibh úsáid níos éifeachtúla as rialuithe téimh mar thoradh orthu.

Gníomhaíochtaí a Rinneadh in 2022

A5.2 Le linn 2022, leanadh le monatóireacht ar éifeachtúlacht fuinnimh i gcomhar le comhairleoirí seachtracha agus conraitheoirí cothabhála. Níor baineadh aon choigilteas breise bunaithe ar thionscadail amach. Áirítear iad seo a leanas ar na gníomhaíochtaí a rinneadh ar shlí eile in 2022:

- Faireachán leanúnach ar chórais bhainistíochta fuinnimh atá ann cheana, agus coirí gáis a chasadh as ar feadh tréimhsí fada i rith an tsamhraidh;
- Rinneadh córais coirí a chothabháil agus cuireadh rialuithe córais téimh i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal an ídithe fuinnimh agus iad a bheachtú;
- Baineadh úsáid as an gCóras Bainistíochta Foirgneamh de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí ar fad chun aonrú foirgneamh ar an láithreán a éascú chun éifeachtúlacht i mbainistíocht fuinnimh a mhéadú in aghaidh an fhoirgnimh de réir mar a bhí gá léi; agus
- Bearta coigilte fuinnimh a ghlacadh i gcomhréir leis an tionscnamh coigilte fuinnimh 'Laghdaigh d'Úsáid' san earnáil phoiblí.

Gníomhaíochtaí atá Beartaithe le hAghaidh 2023

A5.3 Áirítear iad seo a leanas ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe le haghaidh 2023:

- Leanúint le húsáid an Chórais Bainistíochta Foirgníochta a uasmhéadú
- coigilteas incriminteach in ídiú fuinnimh a shainaithint agus a bhaint amach;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go n-úsáidfí rialuithe uaineadóirí breise ar fud na gcórais téimh uisce;
- Tograí maidir le bearta spriocdhírthe inslithe a chur chun cinn;
- Cás gnó a fhorbairt chun córais soilsithe faoi rialú braiteora a uasghrádú agus a leathnú;
- Leanúint le feachtas feasachta ag baint úsáid as comharthaíocht agus póstaear;
- Beartas sonracha spárála fuinnimh a

Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí Bóthar na
hOtharlainne Baile Átha Cliath 7
D07 FHN8
 +353 1 858 8500
 +353 1 642 7406
 www.dppireland.ie